

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

2009 © Rialtas na hEireann

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí,
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: +353 (0)1 639 5666
Facs: +353 (0)1 639 5684
Ríomhphost: sipo@sipo.gov.ie
Idirlíon: www.sipo.gov.ie

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH

Le ceannach díreach ón
ÓIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE,
SRÁID TEACH LAIGHEAN,
BAILE ÁTHA CLIATH 2
nó trid an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS,
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA,
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 6476834/35/36/37; Facs: 01 6476843)
Nó trí aon díoltoir leabhar

Praghas €7.00

ISBN: 978-1-4064-2264-1
Prn. A9/0387

Design: www.principle.ie

ISBN 978-1-4064-2264-1
9 781406 422641

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Clár

Réamhfhocal 04

Réamhrá leis an gCathaoirleach 07

Caibidil 1: Achtanna um Eitic 13

Gearáin 13
Creatlach um Eitic don Rialtas Áitiúil 17
Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 19
Cóid Iompraíochta 21
Imréiteach Cánach 25
Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic 25

Caibidil 2: Achtanna Toghcháin 29

Saincheisteanna a d'eascair as Olltoghchán na Dála 2007 30
Síntiúis a Nochtadh 30
Aonaid Chuntasaíochta pháirtithe polaitíochta 35
Meastóireacht GRECO ar thrédhearcacht maidir
le maoiniúchán páirtithe polaitíochta 36
Fiosrúchán maidir le síntiúis a nochtadh de bhun alt 26 d'Acht 1997 38
Tríú Páirtithe 41
Cumhachtaí fiosrúcháin faoi alt 4(4) d'Acht 1997 47
Teorainneacha caiteachais ag toghcháin áitiúla 48

Caibidil 3: Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste 51
Maoiniúchán faoi na hAchtanna Toghcháin 51
Maoiniúchán faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí 53

Caibidil 4: Moltaí le haghaidh athruithe 59
Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar an hAchtanna um Eitic 59
Achoimre ar leasuithe eile a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic 63
Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin 64
Achoimre ar leasuithe eile a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin 66
Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna
Toghcháin maidir le tríú páirtithe 69
Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar reachtaíocht um
Liúntas Ceannairí Páirtí 70

Caibidil 5: Costais in 2008 73

Aguisín:
Foilseacháin an Choimisiúin um Chaighdeáin in 2008 75

Réamhfhocal

De réir fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, is mór agam Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i gcomhair 2008 a chur ar fáil don Aire Airgeadais.

M. P. Smith, Breitheamh
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Meitheamh 2009

Na Comhaltaí

An Breitheamh M. P. Smith
Cathaoirleach

Deirdre Lane
Cléireach Sheanad Éireann

Michael Smith
Iar-Theachta Dála

John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ó mí na Bealtaine 2008)

John Purcell
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (go dtí mí na Bealtaine 2008)

Kieran Coughlan
Cléireach Dháil Éireann

Emily O'Reilly
Ombudsman

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Le roinnt blianta anuas anois, tá athruithe á dtabhairt chun suntais ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a chreideann sé nach mór a dhéanamh ar ár reachtaíocht um Eitic agus Toghcháin ionas go gcinnteofar go gcoinneoidh agus go mbreiseoidh Éire a cáil mar thír atá dáiríre faoin ionracas a chur chun cinn agus an chailimiléireacht sa saol poiblí a chosc. Aithnítear go bhfuil na meicníochtaí frithchaimiléireachta atá in Éirinn cheana féin ina meicníochtaí láidre de réir caighdeán idirnáisiúnta, ach caithfear leanúint ar aghaidh le hiarrachtaí lena chinntiú go bhfanann an scéal amhlaidh. Tá iontaoibh na saoránach in ár bhforais phoiblí bunriachtanach le haghaidh daonlathais sláintiúil. Tá braistintí idirnáisiúnta fíorthábhachtach freisin – fuarthas leid de bharr taighde arna dhéanamh ag Harvard agus ag an Institiúid Bhainc Dhomhanda go bhfuil nasc idir leibhéal na hinfheistíochta dírí ón gcoigríoch agus an rangú a fhaigheann tír in Innéacs Transperancy International faoin mBraistint don Chaimiléireacht mar shampla.

Innéacs na Braistinte don Chaimiléireacht Scór na hÉireann 1995 go dtí 2008

Bliain	**95**	**96**	**97**	**98**	**99**	**00**	**01**	**02**	**03**	**04**	**05**	**06**	**07**	**08**
Rangú	11	11	12	14	15	19	18	23	18	17	19	18	17	16
Scór	8.57	8.45	8.28	8.2	7.7	7.2	7.5	6.9	7.5	7.5	7.4	7.4	7.5	7.7
Líon na dTíortha	41	54	52	85	99	90	91	102	133	145	159	163	180	180
Suirbh-éanna arna n-Úsáid	6	6	6	10	10	8	7	8	9	10	10	7	6	6

Foinse: Transparency International, www.transparency.ie

Taispeántar mar a d'éirigh le hÉirinn san innéacs ó 1995 sa tábla; léirítear leis na scóir nach bhfuil aon údar ann le bheith bogásach chomh fada is a bhaineann sé lenár gcáil idirnáisiúnta.

Arís eile i mbliana, tá caibidil ar leithligh den tuarascáil seo tugtha suas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin leis na hathruithe riachtanacha ar an gcreatlach reachtúil, lena rialaítear cúrsaí um eitic agus toghcháin, a phlé. Baineann an dá shraith reachtaíochta le hardchaighdeáin ionracais sa saol poiblí a chinntiú – cibé an fostaí sa tseirbhís phoiblí atá i gceist nó oifigeach ceaptha. Is é an nasc atá idir an dá cheann ná go ndearbhaítear do gach rannpháirtí i saol poiblí na hÉireann – cibé an saoránaigh, fostaithe sa tseirbhís phoiblí, iarrthóirí ag toghcháin, nó ionadaithe poiblí, go gceanglaíonn an dlí ar fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ar ionadaithe tofa a bhfeidhmeanna a fheidhmiú ar mhaithe leis an bpobal seachas le haon leas pearsanta nó nasctha, aon choimhlintí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a fhógairt agus a bhainistiú agus go mbíonn síntiúis, bronntanais agus caiteachas toghcháin faoi réir ag rialuithe trédhearcacha.

Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin jab tábhachtach agus maoirseacht á dhéanamh ar an dlí sna réimsí seo aige agus creideann an Coimisiún gur chóir an nasc idir na réimsí um eitic agus toghcháin a choinneáil ar bun agus gur chóir go ndílseofaí maoirseacht do chomhlacht neamhspleách aonair. Maidir leis an gCoimisiún Toghcháin neamhspleách a moladh sa Chlár don Rialtas 2007 – 2012, le cois róil mhaoirseachta chuimsithigh a bheith ag an gCoimisiún sin faoi dhlíthe toghcháin, ba chóir go mbeadh ról maoirseachta i ndáil le reachtaíocht um eitic aige freisin, lena n-áirítear an chreatlach um eitic don rialtas áitiúil.

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar na dlíthe toghcháin agus atá deartha chun oscailteacht agus trédhearcacht a bhreisiú maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta. Ba é an Coimisiún féin a mhol go leor de na hathruithe i dtosach. Forbairtí eile a bhfáiltíonn an Coimisiún go mór rompu freisin ná go bhfuil teorainneacha caiteachais le tabhairt isteach le haghaidh toghchán áitiúil den chéad uair in 2009 chomh maith le hathruithe a gealladh ar na rialacha lena rialaítear an fheachtasaíocht ag reifrinn. Ba chóir go mbeadh mionsonraí ar chaiteachas ar fheachtais – cibé an iarrthóirí nó grúpaí feachtais a chaitheann an t-airgead – ar fáil don phobal agus caithfear foinsí na gcistí sin a nochtadh freisin.

Bhí caighdeáin rialachais sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon an-tógtha i mbéal daoine i rith 2008. Chomh fada agus a bhaineann sé leis an earnáil phoblí, foráladh leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 le haghaidh cóid

iompraíochta reachtúla a fhorbairt do chatagóirí éagsúla na ndaoine arna gclúdach leis an reachtaíocht. I gCaibidil 2 den tuarascáil seo, tugann an Coimisiún nithe chun suntais a bhí ina n-údar imní dó faoin easpa cóid iompraíochta reachtúil do stiúrthóirí agus d'fhostaithe gníomhaireachtaí stáit. Tá cóid foilsithe do shealbhóirí oifige, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus státseirbhísigh go dtí seo. Tá cóid ar leithligh do chomhaltaí agus d'fhostaithe údaráis áitiúil foilsithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá sé fós amhlaidh nach bhfuil aon chód iompraíochta reachtúil ann do stiúrthóirí agus d'fhostaithe gníomhaireachtaí sa tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne, in ainneoin go bhfuil breis is seacht mbliana imithe ó achtaíodh Acht 2001 lenar foráladh le haghaidh na cóid sin a thabhairt isteach.

Is ceart go mbeadh an pobal ag súil leis go léireodh gach fostaí sa tseirbhís phoiblí na caighdeáin is airde agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú agus acmhainní poiblí á n-úsáid acu. Ba é an aidhm a bhí ag an Oireachtas agus a cuireadh in iúl go soiléir in Acht 2001 ná go dtabharfaí cóid iompraíochta isteach trasna na seirbhíse poiblí chun soiléire a sholáthar faoi na caighdeáin iompraíochta eiticiúla a bhí ag teastáil. Is ar mhaithe leis an bpobal atá sé nach mbeadh aon mhoill bhreise ann leis na cóid seo a thabhairt isteach. Foráiltear leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí nach mór do dhaoine atá faoi rialú cód den sórt sin aird a thabhairt ar an gcód agus treoir a ghlacadh uaidh le linn dóibh a bheith ag feidhmiú a bhfeidhmeanna. Sop in áit na scuaibe atá i gcód neamhreachtúil seachas cód iompraíochta reachtúil. Foráiltear leis an Acht freisin go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus na cóid á ndréachtú. Chomh maith le treoir úsáideach a sholáthar do stiúrthóirí agus d'fhostaithe an iomaí gníomhaireacht stáit atá ann, tagann cód den sórt sin chun a bheith ina gcuid de na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le stiúrthóireacht nó post a bheith ag duine i ngníomhaireacht stáit agus féadfar aird chuí a thabhairt ar an gcód i gcás go ndéanfaí gearán leis an gCoimisiún nó in imeachtaí cúirte.

Agus an Coimisiún um Chaighdeáin ag tosú ar an seachtú bliain dó a bheith i mbun feidhme, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Choimisinéirí as an méid a thug siad uathu i rith 2008. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Uas. John Purcell ach go háirithe, a chuaigh ar scor óna a phost mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Bealtaine 2008. D'fhóin John mar chomhalta den Choimisiún um Oifigí Poiblí ó 1995 agus mar chomhalta den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ansin

nuair a bunaíodh in 2001 é. Bhí rannchuidiú John don dá choimisiún fíorluachmhar ar fad agus, thar ceann an Choimisúin, ba mhaith liom saol fada sásta a ghuí air agus é ar scor. Cheap an tUachtarán an tUas. John Buckely mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 15 Bealtaine 2008 tar éis do Dháil Éireann é a ainmniú. Cuirim fáilte roimhe mar chomhalta den Choimisiún um Chaighdeáin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na rúnaíochta agus le Rúnaí an Choimisiúin, David Waddell, freisin as a dtiomantas iomlán agus a ndíograis d'obair na hoifige i rith na bliana.

01

Achtanna um Eitic

Gearáin

Forálann na hAchtanna um Eitic 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) go bhféadfar gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin sa chás go meastar go bhféadfadh an reachtaíocht a bheith sáraithe.

Féadfar gearáin a dhéanamh faoi na hAchtanna um Eitic leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi shealbhóirí oifige[1], chomhairleoirí speisialta d'airí, agus faoi stiúrthóirí agus fhostaithe comhlachtaí poiblí. Caithfear gearáin i gcoinne chomhaltaí Dháil Éireann nó Sheanad Éireann, nach sealbhóirí oifigí iad, a dhéanamh leis an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó Sheanad Éireann, trí Chléireach na Dála nó an tSeanaid, de réir mar is cuí. Seolann an Cléireach an gearán ar aghaidh chuig an gCoiste ábhartha má bhíonn dóthain fianaise ann chun cás prima facie a bhunú i ndáil leis an ngearán.

Féadfaidh cásanna ina líomhnaítear gur sáraíodh foráil de na hAchtanna um Eitic, nó 'gníomh sonraithe' (.i. gníomh nó easnamh atá ar neamhréir le feidhmeanna poiblí a bheith á bhfeidhmiú mar is ceart agus lena mbaineann tábhacht suntasach poiblí) a bheith i gceist le gearáin faoi na hAchtanna um Eitic.

Féadfar gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi chásanna ina líomhnaítear gur sáraíodh foráil de Chuid 15 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 – an Chreatlach um Eitic don Rialtas Áitiúil – freisin nó faoi ghníomh sonraithe arna dhéanamh ag comhalta nó ag fostaí údaráis áitiúil. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAcht Rialtais Áitiúil 2001 go bhféadfaidh bainisteoir agus/nó Cathaoirleach an údaráis áitiúil sáruithe ar Chuid 15 a bhreithniú, sa chás gur cláraitheoir eitice na comhairle a

[1] .i. Airí, Airí Stáit, Cathaoirligh agus Leaschathaoirligh Dháil Éireann agus Sheanad Éireann

tharraingíonn a n-aird ar sháruithe den sórt sin. Sa chás go dtarraingítear cúrsaí anuas a bhaineann le sáruithe líomhnaithe arna ndéanamh ag comhalta nó ag fostaí údaráis áitiúil, ba chóir gurb é an t-údarás áitiúil féin a phléann leo ar an gcéad dul síos, oiread agus a bheidh indéanta. Dá réir sin, tugann an Coimisiún um Chaighdeáin de chomhairle do dhaoine ar mian leo gearán a dhéanamh faoi chomhairleoir nó faoi fhostaí comhairle an tábhar a thabhairt os comhair an chláraitheora eitice ar an gcéad dul síos. Faoi mar a thagrófar dó níos déanaí sa tuarascáil seo, bhí comhráite ag an gCoimisiún um Chaighdeáin leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil d'fhonn is go gceapfaí reachtaíocht le haghaidh nóis imeachta sainráite do ghearáin faoi chomhaltaí agus fhostaithe údaráis aitiúil.

Staitisticí

Fuair an Coimisún um Chaighdeáin 38 gearán in 2008, ar measadh gur gearáin neamhbhailí 18 díobh. Measadh go raibh gearáin neamhbhailí ar roinnt cúiseanna. I roinnt cásanna, ní raibh aon fhianaise prima facie ann gur sháraigh duine foráil de na hAchtanna um Eitic, ar nós loiceadh leas a nochtadh nuair a ceanglaíodh orthu amhlaidh a dhéanamh, nó líomhain go ndearna duine sonraithe gníomh sonraithe. Bhain an gearán le gníomhartha comhlachta poiblí seachas le 'duine sonraithe' i roinnt cásanna. I gcásanna eile, rinneadh an gearán i gcoinne 'duine sonraithe', m.sh. ceannasaí comhlachta poiblí, ach níor soláthraíodh aon fhianaise go ndearna an té sin an gníomh a ndearnadh gearán faoi go pearsanta, agus dá mb'amhlaidh sin, ba chuí an gearán a mheas mar cheann i gcoinne comhlachta poiblí. Ní féidir glacadh le gearáin den sórt sin faoi na hAchtanna um Eitic, ina bhforáiltear le haghaidh gearán faoi ghníomhartha arna ndéanamh ag daoine aonair go pearsanta.

Cé go bhfuil leibhéal na ngearán íseal fós, atreisíonn cion na ngearán a fuarthas agus a measadh a bheith neamhbhailí dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin a leagadh amach i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is é sin, go bhfuil na forálacha de na hAchtanna um Eitic maidir le gearáin deacair le tuiscint do dhaoine a d'fhéadfadh gearán a dhéanamh, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le 'gníomh sonraithe' arna dhéanamh ag 'duine sonraithe'.

An tIarthaoiseach, Bertie Ahern TD

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearán go luath in 2008 ón Seanadóir Eugene

Regan maidir le dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an Iarthaoiseach Bertie Ahern TD de réir a oibleagáidí mar chomhalta arna thoghadh do Dháil Éireann in 2002. Dúradh leis na dearbhuithe a rinneadh, de réir mar ab fhearr ab eol agus mar a chreid sé, go raibh na hoibleagáidí arna sonrú in alt 25(1) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 comhlíonta ag an Uas. Ahern agus nár bhac aon rud in alt 25(2) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 ar na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú imréitigh cánach a eisiúint dó. Thug an Seanadóir Regan dá aire, i ráiteas arna eisiúint an 6 Eanáir 2008, go ndúirt an tUas. Ahern, tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim dul i dteagmháil leis, go raibh airgead íoctha aige ar cuntas leo le roinnt míonna anuas i leith a dhliteanais chánach agus gur dheimhnigh sé freisin nach raibh sé ag súil le Deimhniú Imréitigh Cánach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, ach go mbeadh Ráiteas Iarratais á chur ar fáil aige, ar feitheamh a chomhráití leis na Coimisinéirí Ioncaim a bheith réitithe. Dhearbhaigh an gearánaí gur tarraingíodh saincheist thábhachtach anuas dá bharr seo faoi na cúinsí ina raibh an tUas. Ahern in ann na ceanglais chéanna a chomhlíonadh mar chomhalta den 29ú Dáil agus fianaise nó fógraí chuige sin a chur ar fáil ag an am sin. Fuarthas roinnt gearán cosúil leis sin faoin Uas. Ahern freisin.

Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nár chuí dó leanúint leis an scéal go dtí go mbeadh breithniú na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le dliteanais chánach an Uas. Ahern curtha i gcrích acu. Faoi na Coimisinéirí Ioncaim agus futhu siúd amháin atá sé a chinneadh cé acu an bhfuil a oibleagáidí cánach comhlíonta ag duine. Dá bharr sin, ní féidir aghaidh a thabhairt ar aon cheist maidir le cibé an bhféadfadh dearbhú bréagach a bheith déanta ag duine maidir le cé acu an bhfuil a oibleagáidí cánach féin comhlíonta aige, ach amháin sa chás go raibh cinntiúchán déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh a oibleagáidí comhlíonta ag an duine faoin reachtaíocht chánach ábhartha.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Uas. Ahern á chur ar an eolas faoin ngearán agus faoina chinneadh faoi mar a leagadh amach thuas. Chuir sé in iúl dó freisin, sa chás go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim cinntiúchán ina chás nach raibh a oibleagáidí comhlíonta aige, go bhféadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin cinneadh a dhéanamh an scéal a bhreithniú arís ag an staid sin.

Comhairle Bhaile Chill Airne

Tar éis éisteachta d'imscrúdú in 2007, sheol an Coimisiún um Chaighdeáin tuairisc

ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le cás inar líomhnaíodh gur sháraigh an Comhairleoir Patrick O'Donoghue an Chreatlach um Eitic don Rialtas Áitiúil. Cúisíodh ina dhiaidh sin é as cionta faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus ag éisteacht sa Chúirt Choiriúil Chuarda i dTrá Lí, an 12 Márta 2009, phléadáil an Comhairleoir O'Donoghue ciontach i gcúiseamh "gur chomhalta de Chomhairle Bhaile Chill Airne é agus duine a raibh eolas iarbhír aige ar a leas tairbheach i dtailte áirithe ag Cill Airne ar dhátaí idir Eanáir 1, 2006 agus Márta 6, 2006 ag Cill Áirne – agus gur fhéach sé le tionchar a imirt ar chinneadh Chomhairle Bhaile Chill Airne i leith ábhair maidir le feidhmeanna an údaráis sin a bheith á bhfeidhmiú faoin Acht um Pleanáil 2000, mar atá, na tailte sin a athchriosú". Tarraingíodh siar cúiseamh gur loic sé é féin a tharraingt amach as cruinniú na Comhairle oíche an 6 Márta, 2006, nuair a bhí an rún á bhreithniú,. Cuireadh an scéal ar atráth ansin go dtí 30 Meitheamh 2009.

Comhairle Bhaile Shionainne

Bhreithiúnaigh an Coimisiún um Chaighdeáin gearán faoi chás inar líomhnaíodh gur loic an Comhairleoir Patricia McCarthy leas a nochtadh, mar stiúrthóir Shannon Swimming and Leisure Centre Teo., i gcúrsa cruinnithe Chomhairle Bhaile Shionainne inar pléadh maoiniúchán pobail. Líomhnaíodh gur ghlac sí páirt i gcruinnithe den sórt sin freisin.

Cheap an Coimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin faoi alt 6(1) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Reáchtáil an tOifigeach Fiosrúcháin réamhfhiosrúchán faoin ngearán trí ráitis a fháil ó fhinnéithe ábhartha, tríd na ráitis seo a chur i láthair an Chomhairleora McCarthy agus trí ráiteas a fháil uaithi. Sholáthair an tOifigeach Fiosrúcháin tuarascáil don Choimisiún um Chaighdeáin inar thuairiscigh sé gur dheimhnigh an Comhairleoir McCarthy gur Stiúrthóir ar an Ionad Fóillíochta í. Dúirt sí freisin, toisc nár bhain sí aon tairbhe airgeadais as a ról leis an ionad, agus toisc gurb Áis phobail atá ann, nár thuig sí riamh gur chiallaigh sé seo gur leas tairbheach nó airgid a bhí ann a bhí infhógartha faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001. Admháladh i ráiteas an Chomhairleora McCarthy go raibh sí ar an eolas faoi cheanglais Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus an Chóid Iompraíochta do Chomhairleoirí go hiomlán. Dúirt sí, áfach, go mbaineann forálacha de minimis d'alt 176 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 le hábhar sa chás seo, sa mhéid is go bhforáiltear le halt 176(3) "nach measfar go bhfuil leas tairbheach ag duine a chaithfear a nochtadh … mar gheall ar - (a) leas atá ró-fhada amach ón duine nó ró-neamhshuntasach nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé

tionchar ar dhuine agus aon cheist i leith an ábhair á bhreithniú nó á phlé ag an duine nó vóta á chaitheamh ina leith aige nó ar dhuine agus aon fheidhm i ndáil leis an ábhar sin á feidhmiú aige".

Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin an cheist maidir le cibé an raibh údar le himscrúdú faoi na hAchtanna um Eitic i bhfianaise thuarascáil an Oifigigh Fhiosrúcháin. Mheas sé, toisc nach ndearnadh an gearán faoi alt 4 d'Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, nárbh fholáir dó a mheas, ní amháin cibé ar sháraigh an Comhairleoir McCarthy forálacha Acht Rialtais Áitiúil 2001, ach cibé ar "ghníomh sonraithe" ceann ar bith de na sáruithe sin nó gach ceann díobh, .i. gníomh nó easnamh atá ar neamhréir le feidhmeanna comhaltachta d'údarás áitiúil, mar a bhí sa chás seo, a bheith á bhfeidhmiú mar is ceart, nó atá ar neamhréir le muinín i bhfeidhmíocht den sórt a choinneáil ar bun agus lena mbaineann tábhacht suntasach poiblí.

Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nár ghlac sé le hargóint Chomhairleoir McCarthy, is é sin, gur bhain alt 176(3)(a) den Acht Rialtais Áitiúil le hábhar. Chinn sé áfach, cé go mb'fhéidir gur sháraigh Comhairleoir McCarthy Acht Rialtais Áitiúil 2001 nárbh fhéidir a mheas gur tháinig aon cheann de na gníomhartha líomhnaithe faoi chuimsiú alt 4(1)(a) d'Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, toisc nár bhain tábhacht suntasach poiblí leis na gníomhartha sin. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin dá réir sin nach raibh aon bhonn ann le himscrúdú a thionscnamh faoi na hAchtanna um Eitic. Agus é ag teacht ar an gcinneadh seo, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin san áireamh nach bhfuair Comhairleoir McCarthy nó "duine nasctha" aon tairbhe, faoi mar a leagadh amach in alt 4(6)(b) d'Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

Creatlach um Eitic don Rialtas Áitiúil

Thug an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2007 gur scríobh sé chuig bainisteoir gach údarás áitiúil agus chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil lena ról a leagan amach i ndáil leis an gCreatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil agus go háirithe a dhearcadh gur chóir leanúint le gach conair áitiúil, a bhforáiltear lena haghaidh le hAcht Rialtais Áitiúil 2001, sular gcuimhneofar ar ghearán a dhéanamh leis an gCoimisún um Chaighdeáin. Leag sé béim ar an ngá go leanfadh an cláraitheoir um eitic le mionearráidí agus mioncheartúcháin agus go riarfaí an próiseas le dearbhuithe bliantúla a fháil ó chomhaltaí agus ó fhostaithe

i gceart d'fonn is go gcinnteofaí go mbíonn daoine den sórt sin ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí reachtúla agus go gcoinneofar líon na sáruithe a tharlaíonn chomh beag agus is féidir. Leagadh béim ar na forálacha a bhaineann le haird an Bhainisteora agus/nó an Chathaoirligh, de réir mar is cuí, a tharraingt ar chásanna ina bhféadfadh an reachtaíocht a bheith sáraithe. Chuir an Coimisún um Chaighdeáin a dhearcadh i gcuimhne d'údaráis áitiúla, toisc gur cáipéis phoiblí lena mbaineann tábhacht suntasach é clár na leasanna, gur chóir go gcuirfeadh gach údarás áitiúil ar fáil ar an idirlíon é lena chinntiú go mbeidh leasanna na gcomhaltaí údaráis áitiúil ar eolas go forleathan ag an bpobal agus leis na caighdeáin ionracais agus iompraíochta, a bhíonn riachtanach agus feidhmeanna údaráis áitiúil á bhfeidhmiú, a bhreisiú.

Chuaigh údarás áitiúil agus Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoina dhearcadh i ndáil le clár na leasanna. Iarradh ar Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a mhachnamh a dhéanamh maidir le cibé an mbeadh sé ar neamhréir le reachtaíocht um chosaint sonraí an clár a fhoilsiú ar an idirlíon. Leag an Oifig sin a dhearcadh amach, is é sin, nár chóir go bhfoilseofaí an clár amhlaidh ach amháin sa chás go raibh bonn sonrach ó thaobh na reachtaíochta ann leis sin a dhéanamh nó sa chás gur thoiligh na ndaoine aonair a bhí i gceist leis. Dúirt sé nach raibh bonn cuí ó thaobh na reachtaíochta in alt 172 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 leis an gclár a fhoilsiú gan toiliú na ndaoine a bheadh i gceist.

Tar éis comhráite le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, chuir an oifig sin in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin ina dhiaidh gur scríobh sé chuig an údarás áitiúil a tharraing an fiosrúchán anuas ar dtús le rá go raibh sé sásta a dheimhniú nárbh fhéidir leis aon deacracht ó thaobh na cosanta sonraí a fheiceáil maidir le mionsonraí a fhoilsiú i ndáil le comhairleoirí sa chás go bhfuil, dar leis, bonn bailí ó thaobh leas an phobail nó rud mar sin ann go dtiocfaí ar an gconclúid gur féidir an ceanglas, le faisnéis den sórt sin a chur ar fáil in oifigí údaráis áitiúil le linn uaireanta oifige, a leathnú sa chaoi is go mbeadh foilsiú ar shuíomh idirlín an údaráis mar chuid den cheanglas. Dúirt sé freisin gur chóir bearta cuí a dhéanamh lena chinntiú nach mbeadh foilsiúchán faisnéise den sórt seo ar fáil d'innill chuardaigh go huathoibríoch.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Aire agus chuig gach Bainisteoir Cathrach agus Contae arís i mí na Samhna 2008 chun an soiléiriú a fuarthas ó Oifig

an Choimisinéara Cosanta Sonraí a thabhairt le fios dóibh. D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin ar gach Bainisteoir Cathrach agus Contae go foirmiúil freisin na socruithe riachtanacha a dhéanamh le clár na leasanna a fhoilsiú ar an idirlíon. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós láidir ina thuairim gur chóir go mbeadh clár leasanna poiblí chomhaltaí údarás áitiúil ar fáil ar an idirlíon ar an gcaoi chéanna is a bhíonn clár leasanna na gcomhaltaí do chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann.

Athchóiriú an Rialtais Áitiúil

D'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Páipéar Glas, Daonlathas Níos Láidre – Roghanna Le hAghaidh Athruithe,i mí Aibreáin 2008, a raibh roinnt mhaith moltaí san áireamh ann le haghaidh athchóirithe sa réimse um eitic. B'iad na moltaí a bhí ann ná:

- maoirseacht níos soiléire ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Ba chóir d'údaráis áitiúla an ról ceannasach a ghlacadh fós ó thaobh a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí um eitic. D'fhéadfaí ról sonrach a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí áfach le seiceáil go gcomhlíonfar oibleagáidí go háitiúil. Mar shampla, i ndáil le síntiúis nó caiteachas toghcháin a bheith á nochtadh, d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeán cásanna, ina líomhnaítear nár chomhlíon iarrthóirí oibleagáidí, a imscrúdú. D'fhéadfaí an t-údarás a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán cásanna a imscrúdú as a stuaim féin freisin;

- d'fhéadfaí bealaí níos éasca a sholáthar le teacht ar dhearbhuithe leasanna freisin (mar shampla, iad a fhoilsiú ar an idirlíon, ach le cosaint do theach an teaghlaigh b'fhéidir);

- tá ról ag cathaoirleach agus ag bainisteoir údaráis áitiúil faoi láthair maidir le gearáin i gcoinne comhaltaí a imscrúdú. D'fhéadfadh an cathaoirleach, ach go háirithe, a bheith i gcruachás dá bharr seo. D'fhéadfadh meicníocht mhalartach a bheith riachtanach chun déileáil le gearáin, sa chás go meastar gur gearáin thromchúiseacha iad seo, trína gcur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí b'fhéidir. Bheadh sé tábhachtach meicníocht a dhearadh nach bhfágann go bhfaigheann an Coimisiún an t-uafás gearán mionchúiseach, nó gearáin a mbeifí in amhras faoin rud a spreag iad. D'fhéadfaí treoir níos mó a sholáthar d'údaráis aitiúla freisin maidir leis an mbealach gur chóir gearáin a

phróiseáil i leith oibleagáidí um eitic a bheith sáraithe, in éineacht le leigheasanna/ smachtbhannaí molta sa chás go n-aimsítear nár comhlíonadh oibleagáidí.

- b'fhéidir gur thairbheach an rud é próiseas a thabhairt isteach lena dtoghfaí méara go díreach. Ba chóir go n-aithneodh sealbhóir oifige den sórt sin, arb iad na daoine a thoghfadh go díreach é nó í, nach mór seasamh le hardchaighdeáin sa chomhairle a mbeadh sé nó sí i gceannas uirthi. D'aithneodh sealbhóir oifige den sórt sin freisin gur dócha go rachfadh cáineadh faoi iompar mí-eiticiúil ar leibhéal na comhairle trí oifig an mhéara;

- cóid agus polasaithe eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais maidir le sláinte agus sábháilteacht, comhionannas agus míchumas, cearta um chosaint fostaíochta agus ar theidlíochtaí, chomh maith le go leor ceanglas atá tábhachtach ó thaobh "próisis" i réimsí amhail an chuntasacht ó thaobh cúrsaí airgeadais, cúrsaí soláthair, teangacha oifigiúla, srl.

Dúradh sa Pháipéar Glas go bpléifí na saincheisteanna seo leis an gCoimisiún um Chaighdeáin tuilleadh. Nótáladh sa Pháipéar Glas freisin go raibh rún daingean ag an Roinn reachtaíocht a thabhairt isteach a luaithe is a bheadh deis ann chun cosaint a sholáthar do dhaoine a dhéanann gearán faoi iompar míchuí i gcúrsaí rialtais áitiúil. Mhol an Coimisiún um Chaigheáin foráil den sórt sin in 2004 ina bhreathnadóireachtaí maidir leis na dréachtchóid iompraíochta do chomhaltaí agus d'fhostaithe údaráis áitiúil.

Dheimhnigh an Roinn don Choimisiún um Chaighdeáin ina dhiaidh sin gurb é an dearcadh a bhí aici ná gur chóir an obair, leis an gcreatlach um eitic a chur i ngníomh, a choinneáil laistigh d'údaráis áitiúla oiread agus ab fhéidir agus go srianfaí ról an Choimisiúin um Chaighdeáin sa chaoi is nach bpléifeadh sé ach le cúrsaí lenar bhain údar imní suntasach. Is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin ná gur chóir go mbeadh nós imeachta sainráite sa chreatlach um eitic lena leagfar amach go soiléir na freagrachtaí atá ann ar leibhéal áitiúil agus freagrachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin. Nótáladh go bhfuil foráil faoi na hAchtanna um Eitic go dtabharfadh an Coimisiún um Chaighdeáin treoirlínte reachtúla agus comhairle, a d'fhéadfaí a chur chun feidhme ar bhealach úsáideach faoin gcreatlach um eitic.

Cóid Iompraíochta

Cód Iompraíochta don tSeirbhís Phoiblí ar Bhonn Níos Leithne

I dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, thug an Coimisiún um Chaighdeáin nithe chun suntais a bhí ina n-údar imní dó faoin easpa cóid iompraíochta reachtúil do stiúrthóirí agus d'fhostaithe gníomhaireachtaí stáit. Forálann Acht 2001 le haghaidh cóid iompraíochta a dhréachtadh agus a fhoilsiú do chatagóirí difriúla daoine lena n-áirítear stiúrthóirí agus fostaithe comhlachtaí poiblí. Tá cóid foilsithe do shealbhóirí oifige, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus státseirbhísigh go dtí seo. Tá cóid ar leithligh do chomhaltaí agus d'fhostaithe údaráis áitiúil foilsithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá sé fós amhlaidh nach bhfuil aon chód iompraíochta reachtúil ann do stiúrthóirí agus d'fhostaithe gníomhaireachtaí sa tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne, in ainneoin go bhfuil breis is seacht mbliana imithe ó achtaíodh Acht 2001 lenar foráladh le haghaidh an cód sin a thabhairt isteach.

D'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha teacht chun cinn d'uireasa cóid den sórt sin i gcás go mbeadh gearán ann i gcoinne fostaí nó stiúrthóra gníomhaireachta stáit faoi Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. In ainneoin dhearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin gur chóir don Aire Airgeadais aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo go práinneach, ní raibh aon fhorbairtí sa réimse seo le bliain anuas. Tá Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit eisithe ag an Aire Airgeadais, agus is in 2001 a rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí air. Tá eilimintí san áireamh sa chód sin de dhréachtchód um eitic a bheadh le glacadh ag comhlachtaí stáit. Is ar bhonn riaracháin amháin atá feidhm leis an gcód sin áfach agus níl an stádas reachtúil aige is a bheadh ag cód iompraíochta faoi Acht 2001. Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin go raibh an Roinn i mbun oibre le hathbhreithniú breise ar an gcód a dhréachtadh. Níl aon bhreathnadóireachtaí lorgtha ag an Roinn faoin gcód ón gCoimisiún um Chaighdeáin áfach.

Tá an cheist maidir le caighdeán an rialachais ar ghníomhaireachtaí stáit i mbéal an phobail go mór le blianta beaga anuas; rinneadh líomhaintí faoi iompar míchuí daoine áirithe i ngníomhaireachtaí stáit freisin. Is ceart go mbeadh an pobal ag súil leis go léireodh gach fostaí sa tseirbhís phoiblí ardchaighdeáin agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú agus acmhainní poiblí á n-úsáid acu. Ba é an aidhm a bhí ag an Oireachtas agus a cuireadh in iúl go soiléir in Acht 2001 ná go dtabharfaí cóid iompraíochta isteach trasna na seirbhíse poiblí chun soiléire a sholáthar faoi na caighdeáin iompraíochta

eiticiúla a bhí ag teastáil. Is ar mhaithe leis an bpobal atá sé nach mbeadh aon mhoill bhreise ann leis na cóid seo a thabhairt isteach.

Cóid um Eitic don Gharda Síochána

Foráiltear le hAcht an Gharda Síochána 2005 go ndréachtóidh Coimisinéar an Gharda Síochána cód um eitic don Gharda Síochána. Foráiltear leis an Acht chomh maith nach mór don Choimisinéir dul i gcomhairle le roinnt daoine agus comhlachtaí, lena n-áirítear an Coimisiún um Chaighdeáin, faoin dréacht. Chuaigh an Coimisinéir i gcomhairle leis i mí na Samhna 2007, agus sholáthair an Coimisiún um Chaighdeáin na breathnadóireachtaí seo a leanas:

1. ba chuí tagairt a dhéanamh sa chód do chosaintí reachtúla a thugtar do bhaill den Gharda Síochána a thuairiscíonn caimiléireacht agus míchleachtas;

2. láidreofaí na forálacha sa dréachtchód, a bhaineann le coimhlintí leasa a nochtadh, ach ráiteas a chur isteach mar chuid de lena ndeirtear go héifeachtach nár chóir do bhall den Gharda Síochána úsáid a bhaint as a phost nó as a post oifigiúil ar mhaithe leis nó léi féin nó ar mhaithe le daoine eile a bhfuil naisc phearsanta, teaghlaigh, ghnó nó eile aige nó aici leo. Lena chois sin, mar riail ghinearálta, ba chóir go bhforáilfí sa chód nach mór do Gharda aon ábhar, a bhfuil leas tráchtála aige nó aici ann, a nochtadh don Choimisinéir agus nár chóir go mbeadh baint ghairmiúil aige nó aici leis an ábhar sin;

3. ba chóir go ndéanfaí tagairt shonrach sa chód do na hoibleagáidí atá ar bhaill ainmnithe den Gharda Síochána forálacha na nAchtanna um Eitic a chomhlíonadh;

4. ba chóir go bhforálfaí sa chód nár chóir do bhall den Gharda Síochána dul i mbun, nó nasc a bheith aige nó aici le, aon ghnó nó ghníomhaíocht lasmuigh a bheadh ar neamhréir lena phost nó lena post oifigiúil nó a lagódh muinín an phobail sa Gharda Síochána;

5. ba chóir go mbeadh ráiteas um phrionsabal ginearálta sa chód freisin arb éard a éirim ná nár chóir do bhall den Gharda Síochána bronntanas nó tairbhe eile a fháil ó thríú páirtí a bhféadfaí breathnú air le réasún mar rud a tharraingeodh amhras ar

a ghaois agus ar a ionracas pearsanta nó ar a gaois agus ar a hionracas pearsanta. Ba chuí ráiteas um na prionsabail ghinearálta i ndáil le fáilteachas a ghlacadh, a chur isteach mar chuid den chód freisin;

6. ba chóir go bhforáilfí sa chód nach mór do bhaill den Gharda Síochána Coimisinéir an Gharda a chur ar an eolas faoi aon rún dá mbeidh acu an fórsa a fhágáil agus glacadh le post le haon ghnó lasmuigh ar phléigh sé nó sí leis i gcáil oifigiúil nó le gnó a d'fhéadfadh buntáiste míchothrom a fháil ar a iomaitheoirí trína fhostú nó a fostú. Cosaint ab ea é seo a d'fhágfadh nach rachfadh baill i mbun fostaíochta san earnáil phríobháideach dá dtabharfaidís rochtain/faisnéis/teagmhálacha a fuair siad i gcúrsa a mballraíochta den fhórsa. Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin freisin gur chuí cuimhneamh ar mhoratóir bliana b'fhéidir a fhorchur ar bhaill atá i bpoist ainmnithe sa Gharda Síochána sular féidir leo dul i mbun poist eile tar éis dóibh an fórsa a fhágáil.

Threoraigh forálacha cosúil leo, a bhaineann leis an státseirbhís faoi Chód Chaighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse, breathnadóireachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin. Tá na socruithe a moladh ag pointe 6. i ndáil le fostaíocht tar éis do dhuine éirí as/scor de phost i bhfeidhm faoin gcód státseirbhíse agus sa chód iompraíochta d'fhostaithe údaráis áitiúil chomh maith.

Tá áthas ar an gCoimisiún um Chaighdeáin a thuairisiciú gur ghlac an Garda Síochána le gach ceann dá bhreathnadóireachtaí. Tráth scríofa na tuarascála seo, bhí an dréachtchód fós le foilsiú.

Úsáid mhíchuí á baint as Clúdaigh Litreach an Oireachtais

Thug an Coimisiún um Chaighdeáin le fios i dtuarascálacha roimhe seo nach cuí do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí clúdaigh litreach an Oireachtais a sholáthar do dhaoine eile amhail iarrthóirí toghcháin. Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007, thug an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire, cé go raibh barrachód ar chlúdaigh litreach a sholáthraíodh do chomhaltaí Dháil Éireann ionas go bhféadfaí iad a rianú siar chuig an Teachta Dála ar eisíodh chuige/chuici iad, gur chinn Coiste an tSeanaid um Nósanna Imeachta agus Phribhléidí gan an beart seo a chur i ngníomh. Dúirt an Coimisiún um Chaighdeáin gurbh oth leis nár glacadh an nós imeachta do chomhaltaí Sheanad Éireann,

toisc go bhféadfadh sin Seanadóirí a chur óna a bheith ag soláthar chlúdach litreach an Oireachtais do dhaoine nach raibh i dteideal leas a bhaint astu. D'fhreagair an Coiste Leasanna Chomhaltaí do Sheanad Éireann á rá gur chinn sé aird Choiste an tSeanaid um Nósanna Imeachta agus Phribhléidí a tharraingt ar an scéal ionas go mbreithneofaí ceist na mbarrachód arís. Scríobh sé chuig gach comhalta de Sheanad Éireann freisin, lena dhearcadh a chur in iúl dóibh nár chóir clúdaigh litreach réamhíoctha a thabhairt ar láimh d'aon tríú páirtí le húsáid i bhfeachtas toghcháin, agus le forálacha an chóid iompraíochta do chomhaltaí Sheanad Éireann, lena gceanglaítear orthu acmhainní poiblí a úsáid go stuama agus chun na gcríoch ar beartaíodh lena n-aghaidh iad agus chucu sin amháin, a mheabhrú do chomhaltaí.

Ó foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2007, cuireadh in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin gur chinn Coiste an tSeanaid um Nósanna Imeachta agus Phribhléidí arís gan dul leis an inrianaitheacht agus ina dhiaidh seo, gur fhreaschuir Coiste na Dála an cinneadh a rinne sé níos luaithe. Dá réir sin, níl barrachóid ar chlúdaigh litreach réamhíoctha an Oireachtais a thuilleadh. Is oth leis an gCoimisiún um Chaighdeáin na cinntí seo, a chiallaíonn nach féidir aon dearbhú ar bith a bheith ann go bhfuil €2.7m d'acmhainní poiblí a sholáthraítear do chomhaltaí an Oireachtais á úsáid chun na gcríoch ar údaraíodh iad.

I mí Mhárta 2009, scríobh Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin chuig an Taoiseach lena dhearcadh a leagan amach arís nár chóir go dtabharfaí acmhainní, amhail clúdaigh litreach an Oireachtais, a sholáthraítear do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí mar speansas poiblí chun éascú leo a bhfeidhmeanna mar ionadaithe poiblí a fheidhmiú, ar aghaidh do dhaoine eile nach bhfuil teidlíocht ar bith acu ar iad a úsáid. Mí-úsáid acmhainní poiblí is ea a leithéid de chleachtas agus tá sé go hiomlán míchuí. D'iarr an Cathaoirleach ar an Taoiseach aird sealbhóirí oifige a tharraingt ar údair imní an Choimisiúin um Chaighdeáin. Sholáthair an Cathaoirleach cóip den litir sin do Chathaoirligh na gCoistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann freisin. D'fhreagair an Taoiseach á rá gur chuir sé an litir ar a shúile do gach sealbhóir oifige. D'fhreagair na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil agus Sheanad Éireann freisin á rá go scaipfear an litir ar gach comhalta nach bhfuil ina shealbhóir oifige. D'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin preasráiteas i mí Aibreáin 2009 lenar leagadh amach a dhearcaí maidir leis an scéal roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha.

Imréiteach Cánach

Forálacha maidir le hImréiteach Cánach – Comhaltaí Tofa

Ceanglaíodh ar chomhaltaí a toghadh chuig Dáil Éireann agus Seanad Éireann i rith 2007 fianaise, gur chomhlíon siad a n-oibleagáidí cánach, a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann naoi mí ón dáta ar ar fógraíodh gur toghadh iad. Sa chás gur loic comhalta an reachtaíocht a chomhlíonadh agus gur loic sé nó sí an fhianaise riachtanach a thabhairt ar aird (dearbhú reachtúil agus deimhniú imréitigh cánach nó ráiteas iarratais), is faoin gCoimisún um Chaighdeáin atá sé a chinneadh cé acu an imscrúdófar an scéal agus aon tuarascáil a thiocfadh dá bharr a sholáthar don Choiste um Leasanna Chomhaltaí.

Faoi mar a tharla, sháraigh roinnt comhaltaí an reachtaíocht sa mhéid is gur loic siad a ndearbhú reachtúil a dhéanamh, nach raibh deimhniú imréitigh cánach/ráiteas iarratais acu arna eisiúint dóibh ag an Ard-Bhailitheoir, nó gur loic siad an fhianaise riachtanach a chur ar fáil faoi cheann na dtréimhsí ama a leagadh síos sa reachtaíocht. Fuarthas gach cáipéis dá raibh amuigh ó chomhaltaí ina dhiaidh sin. Dá réir sin, tá sraith chríochnúil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin den cháipéisíocht a bhí riachtanach ó gach comhalta a toghadh i rith 2007 agus ní raibh aon chásanna ann inar sáraíodh an reachtaíocht go substainteach.

Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin, toisc gur nithe teicniúla a bhí i gceist leis na cásanna inar sáraíodh an reachtaíocht, seachas nithe substainteacha, go mbeadh sé iomarcach i bhfianaise mhéid na sáruithe an scéal a imscrúdú agus a thuairisciú. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann á gcur ar an eolas faoina chinneadh sa scéal seo agus faoin mbonn ar ar ghlac sé an cinneadh.

Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic

Ó 1994, tá na rialacháin lena bhforordaítear poist ainmnithe i Ranna agus Oifigí na Státseirbhíse agus stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe in eagraíochtaí sa státseirbhís níos leithne tugtha cothrom le dáta go bliantúil ag an Aire Airgeadais. Leathnaíodh raon feidhme na nAchtanna um Eitic go mór dá bharr seo. Tá méadú tagtha ar líon na gcomhlachtaí poiblí sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí ina bhfuil stiúrthóireachtaí agus/nó poist forordaithe chun críocha na nAchtanna um Eitic ó

líon ba lú ná 150 in 2004 go dtí thart faoi 530 in 2007. D'fháiltigh an Coimisún um Chaighdeáin roimh na forbairtí seo i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo.

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007, dúirt an Coimisiún um Chaighdeáin nach raibh rialacháin déanta lenar leathnaíodh raon feidhme na rialachán lena bhforordaítear poist ainmnithe i Ranna agus in Oifigí na Státseirbhíse agus stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe in eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí níos leithne sa chaoi is go mbeadh éifeacht leis na rialacháin an 1 Eanáir 2008 faoi mar a bhí beartaithe agus de réir cleachtais i mblianta roimhe. Rinneadh na rialacháin ina dhiaidh le héifeacht ó 25 Aibrean 2008. Rinneadh tuilleadh rialachán i mí na Nollag 2008 agus tháinig éifeacht leo ó 1 Eanáir 2009. Ba é iarmhairt na rialachán seo ná gur leathnaíodh raon feidhme na bhforálacha de na hAchtanna um Eitic maidir le leasanna a nochtadh, ó thart faoi 530 in 2007 go dtí breis is 670 in 2009.

Is mian leis an gCoimisún um Chaighdeáin béim a leagan, arís, ar an ngá go gcinnteodh comhlachtaí poiblí go gcuirfear a bhfreagrachtaí in iúl do dhaoine, a bhfuil oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic orthu i ndáil le leasanna a nochtadh nó i ndáil le fianaise a sholáthar gur comhlíonadh reachtaíocht chánachais, in am trátha go bhféadfaidh siad na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Ba chóir an fhaisnéis chuí a thabhairt do gach stiúrthóir ainmnithe agus fostaí ainmnithe maidir lena n-oibleagáidí mar chuid den oiliúint ionduchtúcháin agus ba chóir go mbeadh nósanna imeachta struchtúrtha ann le leanúint suas leis an oiliúint, uair sa bhliain ar a laghad, leis na céimeanna, nach mór a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht, a mheabhrú dóibh. Bíonn an Coimisiún um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú leis an bpróiseas seo agus chun treoir agus comhairle dhíreach a sholáthar maidir le haon saincheist shonrach a bhaineann le forálacha na nAchtanna um Eitic faoi mar a d'fhéadfaidís a bheith infheidhmithe i leith stiúrthóirí agus fhostaithe ainmnithe aonair.

02

Achtanna Toghcháin

Ról an Choimisiúin um Chaighdeáin

Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi Acht Toghcháin 1997 (Acht 1997), mar atá leasaithe, (na hAchtanna Toghcháin) i ndáil le:

1. páirtithe polaitíochta, Teachtaí Dála, Seanadóirí, Feisirí Eorpacha agus iarrthóirí ag toghcháin Dála, Seanaid, Pharlaimint na hEorpa agus uachtaránachta a bheith ag glacadh le síntiúis pholaitíochta agus á nochtadh;

2. cuntais síntiús polaitíochta a bheith á n-oscailt agus á gcoinneáil ar bun;

3. speansais toghcháin a bheith á dteorannú, á nochtadh agus á n-aisíoc;

4. airgeadas Stáit arna sholáthar do pháirtithe cáilithe (féach Caibidil 3);

5. "tríú páirtithe" arna gclárú (.i. grúpaí feachtais/stocaireachta nó daoine aonair a ghlacann le síntiús os cionn luach €126.97 chun críocha polaitíochta) agus "daoine eile" (daoine nach bhfuil nasctha le páirtí polaitíochta nó iarrthóir a tharraingíonn speansais toghcháin air féin de bhun alt 31(7) d'Acht 1997);

6. treoirlínte arna bhfoilsiú agus comhairle arna soláthar maidir leis na ceanglais seo.

Rinne an Coimisún um Chaighdeáin maoirseacht i rith 2008 lena chinntiú gur chomhlíon páirtithe polaitíochta agus a n-aonaid chuntasaíochta agus Teachtaí Dála, Seanadóirí & Feisirí Eorpacha na hAchtanna Toghcháin. Rinne sé maoirseacht freisin ar an mbealach a chomhlíon "tríú páirtithe" na hAchtanna Toghcháin agus iad i mbun feachtasaíochta ag an reifreann ar Chonradh Liospóin.

Saincheisteanna a d'eascair as Olltoghchán na Dála 2007

Ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2007, thagair an Coimisiún um Chaighdeáin do roinnt rannpháirtithe ag an toghchán nach raibh a gcuid cáipéisíochta reachtúla tugtha chun críche acu. Tá an scéal i ndáil leis na daoine seo mar seo a leanas:

- i ndáil leis an Uas. Michael Canney a tharraing speansais toghcháin air féin de bhun alt 31(7) d'Acht 1997 thar ceann an Fheachtais le Teamhair a Shábháil, thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeáin nach raibh Ráiteas Speansas Toghcháin faighte ón Uas. Canney fós. Cuireadh an scéal ar aghaidh chuig na Gardaí le cion a imscrúdú faoi alt 43(3)(b) d'Acht 1997. Tráth phriontála Thuarascáil Bhliantúil 2007, ní raibh imscrúdú na nGardaí faoin gcion seo curtha i gcrích fós. Fuarthas Ráiteas Speansas Toghcháin an Uas. Canney an 18 Meitheamh 2008 agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 24 Meitheamh 2008 é. Chuir na Gardaí in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nach mbeidís ag moladh don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh sa chás seo.

- thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeáin go raibh admhálacha/sonraisc fós ag teastáil i ndáil le Ráitis Speansais Toghcháin an Uas. Barry Kennedy (gníomhaire toghcháin don Seanadóir Paudie Coffey) agus don Uas. Niall Kelleher (gníomhaire toghcháin don Uas. Tom Fleming). Cuireadh in iúl do na gníomhairí agus do na hiarrthóirí toghcháin nach bpróiseálfaí aisíocaíocht i speansais toghcháin na n-iarrthóirí go dtí go mbeadh na sonraisc/admhálacha seo faighte. Fuarthas gach sonrasc/admháil dá raibh amuigh ina dhiaidh sin. Dheimhnigh an Coimisiún um Chaighdeáin an t-iarratas ar aisíocaíocht don Seanadóir Coffey le haghaidh a íoctha an 25 Lúnasa 2008 agus deimhníodh an t-iarratas ar aisíocaíocht don Chomhairleoir Fleming an 30 Márta 2009.

Síntiúis a Nochtadh

Síntiúis arna nochtadh ag Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha

Ceanglaíodh ar dhuine a bhí ina Theachta Dála, ina Sheanadóir nó ina Fheisire Eorpach i rith 2008 Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi 31 Eanáir 2009. Ceanglaíodh orthu síntiúis, a fuarthas i rith 2008 agus a chuaigh os cionn luach €634.87, a nochtadh. Ní mór síntiúis ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhbhailiú chun táirseach na síntiús nach mór a nochtadh agus uasteorainn na síntiús gur féidir

glacadh leo, a chomhlíonadh (€2,539.48).

Fuarthas 237 Ráiteas Síntiús i gcomhair 2008. Tá an t-iomlán seo comhdhéanta de 164 Ráiteas Síntiús ó Theachtaí Dála (níorbh éigean Ráitis Síntiús a fháil i gcás na dTeachtaí mhairbh Brennan agus Gregory), 60 ó Sheanadóirí agus 13 ó Fheisirí Eorpacha. Nochtadh síntiúis ar luach €163,394 san iomlán [ar tugadh €5,000 de ar ais do dheontoirí (ar tugadh €2,500 de ar ais do dheontór amháin toisc go raibh an síntiús a bhí i gceist os cionn na huasteorainne forordaithe)]. Bhí airgead agus úsáid maoine nó seirbhísí saor in aisce san áireamh sna síntiúis a nochtadh. Laghdú €692,601 is ea an tsuim a nochtadh i gcomparáid leis an bhfigiúr €855,995.05 (€764,222.55 an glanfhigiúr) a nochtadh i gcomhair 2007 agus léiríonn sé sin an fhíric gur bhliain toghcháin 2007.

Tá mionsonraí ar na síntiúis a nochtadh i leith 2008 ar fáil i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh an 29 Aibreán 2009. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

Cuntais Síntiús Polaitíochta

Ceanglaítear ar Chomhaltaí agus ar Fheisirí Eorpacha cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar bun má fhaightear síntiús airgid €126.97. Caithfear gach síntiús airgid ina dhiaidh a thaisceadh sa chuntas agus caithfear gach suim airgid ón gcuntas a úsáid chun críocha polaitíochta. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sé intuigthe sa reachtaíocht gurb é an duine a fhaigheann síntiúis an duine ar chóir dó nó di an cuntas síntiús polaitíochta a rialú. Ba chóir go mbeadh an cuntas in ainm an duine agus ba chóir go mbeadh sé/sí ina shínitheoir don chuntas. Ba chóir go soláthrófaí cáipéisíocht a bhaineann leis an gcuntas dó/di freisin. Níor chóir an fhreagracht as an gcuntas a shannadh do dhaoine eile (.i. páirtí polaitíochta, stiúrthóir toghchán, grúpa tiomsaithe airgid, srl.).

Má bhí idirbhearta sa chuntas síntiús polaitíochta i rith 2008, ceanglaíodh ar an gComhalta/bhFeisire Eorpach ráiteas ón mbanc inar coinníodh an cuntas a chur ar fáil in éineacht leis an Ráiteas Síntiús. Caithfidh na hidirbhearta ar fad sa chuntas i rith 2008 a bheith le feiceáil ar an ráiteas. Ceanglaíodh ar an gComhalta/bhFeisire Eorpach Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil freisin, lenar dheimhnigh sé/sí gur taisceadh gach

síntiús airgid sa chuntas agus gur chun críocha polaitíochta a úsáideadh gach suim airgid ón gcuntas. Níor ceanglaíodh ar Chomhalta/Fheisire Eorpach nach raibh a c(h)untas síntiús polaitíochta gníomhach i rith 2008 ach é sin a rá ar an Deimhniú Síntiús Airgid agus níor ceanglaíodh air/uirthi an Dearbhú Reachtúil a chomhlánú nó cóip de ráiteas bainc a chur ar aghaidh. Dúirt 34 Teachta Dála, 25 Seanadóir agus 6 Feisire Eorpacha nach raibh cuntas síntiús polaitaíochta acu. Chuir 79 Teachta Dála, 23 Seanadóir agus 2 Feisire Eorpacha ráitis bhainc faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin i leith 2008. Dúirt 51 Teachta Dála, 12 Seanadóir agus 5 Feisire Eorpacha nach raibh aon ghníomhaíocht sa chuntas síntiús polaitaíochta i rith 2008 agus nach raibh ceanglaíocht orthu ráiteas bainc a chur isteach.

Sainmhíniú ar "fhochuideachtaí" chun críocha na nAchtanna Toghcháin

Saincheist nár mhór don Choimisiún um Chaighdeáin a mhachnamh a dhéanamh uirthi i rith 2008 ná cibé ar chóir an sainmhíniú ar "fhochuideachta", ar foráladh lena aghaidh in alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, a fheidhmiú i leith na nAchtanna Toghcháin nó cibé ar chóir "gnáth-"chiall an fhocail a fheidhmiú. Tháinig sé seo tar éis iarratais ar chomhairle ó Chomhalta de Thithe an Oireachtais a raibh síntiúis faighte aige ó chuideachtaí nasctha. Cuireadh in iúl don Chomhalta nárbh fhochuideachtaí dá chéile iad na cuideachtaí. I bhfianaise an naisc idir na cuideachtaí, áfach, lorg an Comhalta comhairle maidir le cibé ar chóir na cuideachtaí a mheas mar an deontóir céanna chun críocha na nAchtanna Toghcháin.

Sainmhínítear síntiús sna hAchtanna Toghcháin mar ranníocaíocht a thugann aon duine chun críocha polaitíochta. Sainmhínítear "duine" in alt 2 d'Acht 1997 sa chaoi is go gcuimsítear duine aonair, comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine. Meastar gurb é an duine céanna comhlacht corpraithe agus aon cheann dá fhochomhlachtaí. Ní sholáthraítear sainmhíniú ar "fhochomhlacht" comhlachta corpraithe sna hAchtanna Toghcháin. Lorg an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle dlí maidir leis an ábhar agus tugadh de chomhairle dó gur chóir an focal "fochuideachta", faoi mar a úsáidtear sa sainmhíniú ar an téarma "duine" in alt 2 d'Acht 1997, a fhorléiriú trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú a tugadh don fhocal sin le halt 155 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

Tugadh comhairle dá réir sin don Chomhalta. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin

chuig gach TD, Seanadóir agus Feisire Eorpach freisin agus chuig oifigigh chuí gach páirtí polaitíochta á gcur ar an eolas faoin gcomhairle a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin agus faoin gciall ar chóir a fheidhmiú i leith an fhocail "fochuideachta" chun críocha na nAchtanna Toghcháin. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an eolas faoin gcomhairle a fuair sé freisin agus mhol go bhféadfaí tagairt shonrach d'alt 155 d'Acht na gCuideachtaí a sholáthar ag alt 2 d'Acht 1997.

Síntiúis a nocht deontóirí aonair

Forálann alt 24(1A) d'Acht 1997 nach mór d'aon duine aonair a thugann, i mbliain ar leith, síntiúis os cionn luach comhiomlán €5,078.95:

1. do bheirt nó níos mó a bhí, nuair a tugadh na síntiúis, ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta céanna, nó

2. do pháirtí polaitíochta, agus do dhuine amháin nó níos mó dá chomhaltaí,

Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Caithfear mionsonraí ar na síntiúis agus ar na daoine dár tugadh iad a bheith sa Ráiteas Síntiús, a thagann in éineacht le dearbhú reachtúil, agus caithfear iad a chur ar fáil faoi 31 Eanáir den bhliain dar gcionn. Caithfear an Ráiteas Síntiús a chur ar fáil beag beann ar cé acu an bhfuil oibleagáid ar an duine a fhaigheann an síntiús an síntiús a nochtadh.

Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas ó Ráitis Síntiús a chuir iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghcháin na Dála agus an tSeanaid agus ó Ráitis Síntiús a chuir Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha ar fáil i leith 2007 go raibh síntiúis os cionn €5,078.95 tugtha ag an Uas. Patrick O'Meara, Durlas, Co. Thiobraid Árann, do chomhaltaí Fhianna Fáil i rith 2007.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Uas. O'Meara an 3 Aibreán 2008 le ceanglas an Acht a leagan amach. Iarradh air Ráiteas Síntiús a chur ar fáil i leith gach síntiús dár thug sé i rith 2007 d'Fhianna Fáil nó d'aon duine dá chomhaltaí. Fuarthas Ráiteas Síntiús ón Uas. O'Meara an 2 Bealtaine 2008. Cé gur sháraigh sé forálacha alt 24(1A) toisc gur loic sé a Ráiteas Síntiús a chur ar fáil faoin spriocdháta reachtúil, mar

a bhí, 31 Eanáir 2008, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin, toisc gur chomhlíon an tUas. O'Meara forálacha eile an Achta trí Ráiteas Síntiús a chur ar fáil, nach gcuirfeadh sé an cás ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí/na Gardaí.

I Ráiteas Síntiús an Uas. O'Meara, nochtadh 18 síntiús ar leithligh ar luach €17, 635 san iomlán a tugadh d'Fhianna Fáil agus dá chomhaltaí i rith 2007. (Nochtadh dhá shíntiús eile de €500 an ceann a tugadh d'iarrthóirí neamhspleácha ag olltoghchán na Dála freisin). Bhí aon cheann déag de na síntiúis seo os cionn thairseach na síntiús nach mór a nochtadh, mar atá, €634.87, agus tugadh iad do dhaoine ar ceanglaíodh orthu Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin (mar Chomhalta tofa nó mar iarrthóir nár éirigh leis nó léi ag an olltoghchán). Bhí sé chinn as measc an 11 síntiús nochta ag na faighteoirí cheana féin ar a Ráitis Síntiús. Ní raibh an cúig shíntiús seo a leanas a nocht an Uas. O'Meara, mar chinn a tugadh i rith 2007, nochta ag na faighteoirí:

- Seic €1,000 don Seanadóir Cecelia Keaveney
- Seic €1,000 don Seanadóir Lisa McDonald
- Seic €2,000 don Chomhairleoir Tom Fleming
- Seic €1,000 don Teachta Michael Fitzpatrick
- Seic €1,000 do Patrick Boshell MCC do chiste toghcháin an Teachta Thomas Byrne.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gach duine de na daoine seo á iarraidh orthu a mhíniú cén fáth nach raibh an síntiús ón Uas. O'Meara nochta.

Leagtar mionsonraí ar na síntiúis a nocht an tUas. O'Meara agus ar na fiosrúcháin a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin amach i dtuarascáil a chuir an Coimisiún um Chaighdeáin ar fáil don Cheann Comhairle ar 26 Márta 2009. Tá an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin. Leagadh Ráiteas Síntiús/ Dearbhú Reachtúil an Uas. O'Meara faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an lá chéanna agus tá sé ar fáil don phobal lena ghrinnscrúdú.

Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta i gcomhair 2008

Bhí ceithre pháirtí polaitíochta dhéag cláraithe ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta i rith 2008 le dul san iomaíocht ag toghchán Dála nó Eorpach. Ceanglaíodh ar gach ceann de na páirtithe seo Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi 31 Márta 2009. B'éigean síntiúis os cionn luach comhlán €5,078.95 a fuarthas i rith 2008 a nochtadh. Is é uasluach na síntiús lenar féidir páirtí polaitíochta glacadh ón duine céanna sa bhliain chéanna den fhéilire ná €6,348.69. Ní mór síntiúis arna bhfáil ón deontóir céanna sa bhliain chéanna den fhéilire a chomhbhailiú chun na huasteorainneacha, maidir le síntiúis a nochtadh agus a ghlacadh, a chomhlíonadh. Ba é luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe i leith 2008 ná €94,700.60. Tá mionsonraí ar na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta i leith 2008 ar fáil i dtuarascáil a chuir an Coimisiún um Chaighdeáin ar fáil don Cheann Comhairle an Bealtaine 2009. Tá an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

Aonaid Chuntasaíochta pháirtithe polaitíochta

Bíonn deacrachtaí ag an gCoimisiún um Chaighdeáin fós maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na forálacha seo den reachtaíocht. Go bunúsach, faigheann an Coimisiún um Chaighdeáin go mbíonn sé ag leanúint le haonaid chuntasaíochta agus daoine freagracha le haghaidh ráiteas bainc agus is fíorbheag a bhaineann sin amach dar leis an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Is éard is "aonad cuntasaíochta" páirtí polaitíochta ann ná craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid an pháirtí, a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar luach os cionn €126.97. Ceanglaítear ar oifigeach cuí páirtí polaitíochta ainm agus seoladh gach aonad cuntasaíochta den pháirtí, lena n-áirítear ainm "dhuine freagrach" an pháirtí, a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin. (Is é an cisteoir nó aon duine eile a bhíonn freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad an duine freagrach.)

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig 202 aonad cuntasaíochta i rith 2008 a bhí aitheanta ag na páirtithe polaitíochta ábhartha (chuathas i dteagmháil le 158 aonad cuntasaíochta in 2007). Chuir 62 aonad cuntasaíochta an cháipéisíocht reachtúil riachtanach ar fáil faoi spriocdháta reachtúil an 31 Márta 2008. Loic 78 aonad cuntasaíochta a gcáipéisíocht reachtúil a chur ar fáil in am. Chuir 12 craobh de chuid páirtí polaitíochta in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nach raibh siad gníomhach mar aonaid chuntasaíochta a thuille. Níor fhreagair 15 aonaid chuntasaíochta.

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir do chraobhacha agus d'orgáin eile de pháirtí polaitíochta cuntas síntiús polaitíochta a choinneáil ar bun agus gur chóir síntiúis a thaisceadh sa chuntas seo agus nár chóir iad a úsáid ach chun críocha polaitíochta amháin. Ina threoirlínte do pháirtithe polaitíochta maidir le síntiúis agus síntiúis toirmiscthe, molann an Coimisiún um Chaighdeáin go gcaithfear gach síntiús os cionn luach €100 a fhaigheann craobh nó fo-eagraíocht den phairtí, a thaifeadadh agus a fhógairt d'oifigeach cuí an pháirtí ionas go n-urramófar an uasteorainn forordaithe.

Foráiltear i Moltaí Chomhairle na hEorpa (féach thíos) gur chóir go gceanglódh Stáit ar pháirtithe polaitíochta leabhair agus cuntais chearta a choinneáil; gur chóir go sonrófaí i gcuntais den sórt sin gach síntiús dá bhfaigheann an páirtí agus gur chóir síntiúis os cionn luach áirithe a aithint (lena n-áirítear síntiúis arna bhfáil ag craobhacha nó ag aonáin den pháirtí) agus gur chóir go gceanglódh Stáit ar pháirtithe polaitíochta cuntais den sórt sin a chur ar fáil go poiblí go rialta, agus go bliantúil ar a laghad. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir an cur chuige seo a leanúint. Ba chóir go gceanglófaí ar aonaid chuntasaíochta pháirtithe polaitíochta mionsonraí ar shíntiúis arna bhfáil ag an aonad a sholáthar d'oifigeach cuí an pháirtí ar mhaithe le cuntais den sórt sin a thiomsú. Cheanglófaí ar chisteoir nó ar dhuine freagrach aonaid chuntasaíochta suim na síntiús arna bhfáil ag an gcraobh a dheimhniú d'oifigeach cuí an pháirtí; mionsonraí a sholáthar ar aon síntiúis os cionn luach €100 agus a dheimhniú gur taisceadh gach síntiús sa chuntas síntiús polaitíochta agus gur úsáideadh chun críocha polaitíochta iad. Bheadh sé ina chion don chisteoir nó do dhuine freagrach loiceadh ar an gceanglas seo a chomhlíonadh. Má mheastar gur riachtanach amhlaidh a dhéanamh, d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin (faoi alt 4(4) d'Acht 1997 (féach leathanach 47)) iarraidh ar aonad cuntasaíochta ráitis bhainc a sholáthar a bhaineann lena chuntas síntiús polaitíochta.

Meastóireacht GRECO ar thrédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta

Bhain Éire ballraíocht amach i nGrúpaí Stáit Chomhairle na hEorpa i gCoinne na Caimiliréireachta (GRECO) i mí na Bealtaine 1999. Tá GRECO freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na Treoirphrionsabail don Troid i gCoinne na Caimiléireachta agus ar an mbealach a chuirtear na hionstraimí idirnáisiúnta dlí i ngníomh, a glacadh agus an Clár Gníomhaíochta i gCoinne na Caimiléireachta á leanúint. Rud fíorbhunúsach maidir le feidhmiú GRECO ná go

nglacann a chuid Stát leis an gceanglas go gcuirfear faoi mheastóireacht iad i ndáil le bearta a chur i bhfeidhm chun an chaimiléireacht a chomhrac. Ag an 24ú Cruinniú Iomlánach dá chuid, chinn GRECO go mbeadh trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe ar cheann de na forálacha a mbeadh meastóireacht le déanamh orthu i gcreatlach an tríú babhta meastóireachta de chuid GRECO.

Tá an Tríú Babhta Meastóireachta de chuid GRECO ar siúl faoi láthair. Tá ceistneoir maidir le trédhearcacht an mhaoiniúcháin do pháirtithe, a d'iarr GRECO go gcomhlánófaí mar bhonn dá mheastóireacht, eisithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (glacann Rannán an Dlí Choiriúil den Roinn sin páirt i nGRECO) don Choimisiún um Chaighdeáin agus do roinnt Rann eile Rialtais agus comhlachtaí Stáit. Tá an ceistneoir comhlánaithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus aird á tabhairt aige ar a ról maoirseachta faoi na hAchtanna Toghcháin agus faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí.

Foráiltear le hAlt 11 de Mholadh (2003) 4 maidir le Comhrialacha i gcoinne na Caimiléireachta agus Maoiniúchán Páirtithe Polaitíochta agus Feachtas Toghcháin gur chóir go gceanglódh Stáit ar pháirtithe polaitíochta leabhair agus cuntais chearta a choinneáil. Foráiltear le hAlt 12 gur chóir go gceanglódh Stáit ar pháirtithe polaitíochta gach síntiús dá bhfaigheann an páirtí a shonrú i gcuntais den sórt sin agus síntiúis os cionn luach áirithe a aithint. Foráiltear le hAlt 13 gur chóir go gceanglódh Stáit ar pháirtithe polaitíochta cuntais den sórt sin a chur ar fáil go poiblí go rialta, agus go bliantúil ar a laghad, nó mar íoschoinníoll, achoimre de na cuntais sin. Ní cheanglaítear ar pháirtithe polaitíochta, faoi na hAchtanna Toghcháin, leabhair agus cuntais chearta a choinneáil nó a gcuntais a chur ar fáil go poiblí. Ná ní cheanglaítear orthu gach síntiús dá bhfaigheann siad a shonrú. Tá sé ráite roinnt uaireanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin gur chóir go gceanglófaí ar pháirtithe polaitíochta cloí le hAilt 11, 12 agus 13.

Tar éis do GRECO freagairt na hÉireann ar an gceistneoir a scrúdú, tiocfaidh foireann mheastóirí ar cuairt go hÉireann i rith 2009 chun ár reachtaíocht, ár gcleachtais agus nósanna imeachta a scrúdú. Mar chuid den phróiseas seo, féadfaidh na meastóirí bualadh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Is dócha go dtabharfar dá aire i dtuarascáil mheastóireachta GRECO ar thrédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe gur loic Éire cloí le hAilt 11, 12 agus 13.

Fiosrúchán maidir le síntiúis a nochtadh de bhun alt 26 d'Acht 1997

Foráiltear le hAlt 26 d'Acht 1997 nach mór do chuideachta mionsonraí ar gach síntiús dár thug an chuideachta i rith na bliana a bhí os cionn luach €5,078.95 a chur isteach mar chuid dá thuarascáil/thuairisceán bliantúil don Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfear luach gach síntiús den sórt sin, agus an duine dár tugadh an síntiús, a aithint sa tuarascáil/tuairisceán.

Cuireadh ar a shúile don Choimisiún um Chaighdeáin nár nocht na faighteoirí na síntiúis seo a leanas a nocht *Gannons City Recovery & Recycling Services* Teoranta (Gannons) ar a thuarascáil/thuairisceán bliantúil i gcomhair 2005:

- Síntiús €9,600 d'Fhianna Fáil
- Síntiús €2,500 don Seanadóir Ivor Callely (Bhí Seanadóir Callely ina TD in 2005)
- Síntiús €1,500 do "Chiste Jim Glennon" (Bhí an tUas. Glennon ina TD in 2005)

Fianna Fáil

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig oifigeach cuí Fhianna Fáil á iarraidh air a mhíniú cén fáth nach raibh an síntiús ó Gannons curtha isteach mar chuid de Ráiteas Síntiús an pháirtí i gcomhair 2005. Chuir Fianna Fáil in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin gurbh éard a bhí i gceist leis an síntiús ó Gannons ná íocaíochtaí €7,800 agus €1,800 faoi seach le freastal ar dhá imeacht ar leith le hairgead a thiomsú. Fuarthas brabúis 47% agus 39% de thoradh na n-imeachtaí seo faoi seach. Ba é glanluach na ranníocaíochtaí ó Gannons i ngach cás ná €3,666 agus €702. Ba é glanluach iomlán na ranníocaíochtaí seo ná €4,368. Bhí sé seo faoi bhun thairseach na síntiús nach mór a nochtadh, mar atá, €5,078.95 agus níor ghá é a nochtadh. (Cé nach mór do chuideachta oll-luach síntiús d'imeachtaí tiomsaithe airgid a nochtadh ar a thuarascáil/thuairisceán bliantúil, ní cheanglaítear ar an bhfaighteoir ach glanluach ranníocaíochtaí den sórt sin a nochtadh.)

Seanadóir Ivor Callely

Ar a Ráiteas Síntiús i gcomhair 2005, bhí síntiús €1,500 (oll-luach) nochta ag an

Seanadóir Callely mar shíntiús ón Uas. Anthony Gannon le haghaidh imeacht le hairgead a thiomsú. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Seanadóir Callely á iarraidh air a mhíniú cén fáth go raibh an tsuim a nochtadh ar a Ráiteas Síntiús difriúil leis an tsuim a nocht Gannons ar a thuairisceán chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Chuir an Seanadóir Callely in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh síntiús €1,500 faighte ón Uas. Anthony Gannon in 2005. Thug sé le fios go mb'fhéidir go raibh síntiús €2,500 tugtha ag Gannons d'imeacht Bhaile Átha Cliath Thuaidh Lár le hairgead a thiomsú don fheachtas do thoghchán na hEorpa.

Ar a thuairisceán i gcomhair 2005, chuir an tUas. Thomas Loomes, "duine freagrach" aonad cuntasaíochta Fhianna Fáil i mBaile Átha Cliath Thuaidh Lár, in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nach raibh aon síntiúis faighte ag an aonad cuntasaíochta i rith 2005. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Uas. Loomes á iarraidh air a shoiléiriú cé acu an raibh síntiús faighte ó Gannons in 2005. Dheimhnigh an tUas. Loomes arís i scríbhinn don Choimisiún um Chaighdeáin nach raibh aon síntiúis faighte ag an gcraobh ó Gannons.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig Gannons ina dhiaidh sin á iarraidh ar an gcuideachta na síntiúis a tugadh don Seanadóir Callely a dheimhniú. (Chuir an Seanadóir Callely in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin gur iarr sé ar Gannons suim an tsíntiúis a tugadh dó a shoiléiriú freisin). Shoiléirigh Gannons ina dhiaidh sin go raibh síntiús €1,000 curtha síos d'earráid i dtuarascáil/tuairisceán bliantúil na cuideachta a tugadh don Uas. Callely d'Fhianna Fáil an 8 Aibreán 2005, mar shíntiús don Uas. Callely. Ba chóir go mbeadh síntiúis €10,600 d'Fhianna Fáil agus €1,500 don Uas. Callely tugtha le fios sa tuarascáil/tuairisceán. Dheimhnigh Gannons gurbh é an t-aon síntiús a tugadh don Seanadóir Callely ná síntiús an €1,500 a bhí nochta aige.

Eisíodh litir eile don Seanadóir Callely á chur ar an eolas faoin soiléiriú a sholáthair Gannons. I bhfianaise na fírice nár thagair idir oifigeach cuí Fhianna Fáil ná an tUas. Loomes do shíntiús an €1,000 a tugadh don Seanadóir Callely d'Fhianna Fáil ina gcomhfhreagras leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, iarradh ar an Seanadóir Callely a dheimhniú cé acu an bhfuair sé síntiús an €1,000 ó Gannons d'Fhianna Fáil, agus más amhlaidh go bhfuair, cé acu ar thug sé ar aghaidh do Cheanncheathrú Fhianna Fáil é nó do chraobh den pháirtí.

Chuir an Seanadóir Callely in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin ina dhiaidh gur thuig sé óna chuid fiosrúchán gur chuir Gannons síntiús €1,000 i láthair a oifige. Dúirt sé fosta, i bhfianaise gur admháil Gannons go ndearna siad earráid ina thuarascáil/ thuairisceán bliantúil, agus le clabhsúr a chur leis an scéal, go raibh seic i gcomhair €1,000 curtha ar aghaidh chuig an Uas. Loomes aige. Dúirt sé nach raibh aon taifead aige go bhfuair sé síntiús an €1,000 ó Gannons agus gur le hintinn mhaith a rinneadh a Ráiteas Síntiús i gcomhair 2005.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig oifigeach cuí Fhianna Fáil á chur ar an eolas faoina fhiosrúcháin le Seanadóir Callely agus le Gannons. I bhfianaise na faisnéise a sholáthair Gannons agus na híocaíochta a thug Seanadóir Callely d'Fhianna Fáil Bhaile Átha Cliath Thuaidh Lár ina dhiaidh, measadh gurbh é luach iomlán na síntiús a fuair an páirtí ó Gannons in 2005 ná €5,368 (€4,368 le haghaidh imeachtaí le hairgead a thiomsú agus €1,000 a tugadh do Sheanadóir Callely d'Fhianna Fáil). Bhí sé seo os cionn thairseach na síntiús nach mór a nochtadh, mar atá, €5,078.95. Cé nár mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur sháraigh an t-oifigeach cuí a bhí ag Fianna Fáil an tráth sin an reachtaíocht trí loiceadh na síntiúis ó Gannons a nochtadh, ba é a thuairim gur chóir don pháirtí Ráiteas Síntiús forlíontach a chur ar fáil i gcomhair 2005 anois. Fuarthas an Ráiteas Síntíus forlíontach seo agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 16 Deireadh Fómhair 2008 é.

An tUas. Jim Glennon

Bhí Ráiteas Síntiús "nialasach" curtha ar fáil ag an Uas. Glennon i gcomhair 2005. Bhí mionsonraí ar lón le hairgead a thiomsú, a reáchtáladh i rith 2005, curtha isteach in éineacht lena Ráiteas Síntiús. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Uas. Glennon á iarraidh air a mhíniú cén fáth nach raibh an síntiús ó Gannons nochta ar a Ráiteas Síntiús. Dá mb'amhlaidh gur ranníocaíocht d'imeacht le hairgead a thiomsú a bhí sa síntiús, iarradh ar an Uas. Glennon a thabhairt le fios cérbh é glanluach na ranníocaíochta sin agus conas a thángthas ar an bhfigiúr sin.

Fuarthas freagra ón Uas. Glennon inar dheimhnigh sé go bhfuarthas ranníocaíocht €1,500 ó Gannons in 2005 le haghaidh lón le hairgead a thiomsú. Bhí sé seo i leith deichniúir aoi a bhí ag íoc. Ríomh sé gurbh é €610.30 glanluach na ranníocaíochta seo. Toisc go raibh sé seo faoi bhun thairseach €634.87 na síntiús nach mór a nochtadh,

níor nocht sé an ranníocaíocht. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an mbealach a ríomhadh glanluach ranníocaíochta aonair don imeacht ar leith seo, mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gurb é an ghlan-ranníocaíocht cheart in aghaidh gach aoi a bhí ag íoc ná €75.65. Ba é glanluach na ranníocaíochta ó Gannons, mar sin, ná €756.50.

Tugadh an ríomhaireacht cheart ar ghlanluach ranníocaíocht Gannon le fios don Uas. Glennon agus iarradh air a Ráiteas Síntiús a leasú. Fuarthas Ráiteas Síntiús forlíontach ón Uas. Glennon agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 3 Samhain 2008 é. Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin sásta nár chuir an tUas. Glennon Ráiteas Síntiús bréagach nó míthreorach ar fáil go feasach.

Triú Páirtithe

Tríú Páirtithe – Comhfhreagras Ginearálta in 2007

Sainmhínítear "tríú páirtí" mar aon duine, seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús (.i. ranníocaíocht a tugadh chun críocha polaitíochta) os cionn luach €126.97. Meastar gur ranníocaíocht chun críocha polaitíochta atá i ranníocaíocht a thugtar mar thacaíocht d'fheachtas ag reifreann.

Ar shíntiús os cionn luach €126.97 a fháil, caithfidh tríú páirtí clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Toirmisctear ar thríú páirtithe glacadh le síntiúis gan ainm os cionn luach €126.97 agus toirmisctear orthu glacadh le "síntiúis ón gcoigrích". Is é an t-uas-síntiús lenar féidir le tríú páirtí glacadh ón duine céanna sa bhliain chéanna den fhéilire ná €6,348.69. Caithfidh tríú páirtí cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar bun má fhaigheann sé síntiús airgid os cionn €126.97. Caithfidh sé cáipéisíocht reachtúil áirithe a bhaineann leis an gcuntas sin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin; is éard a bhíonn i gceist leis an gcáipéisíocht sin ná ráiteas bainc lena dtugtar cuntas mionsonraithe ar idirbhearta sa chuntas síntiús polaitíochta chomh maith le deimhniú síntiús airgid lena ndeimhnítear gur taisceadh gach síntiús sa chuntas agus gur chun críocha polaitíochta a bhí íocaíochtaí amach as an gcuntas.

Seachas na daoine aonair/eagraíochtaí sin a chláraigh mar thríú páirtithe mar gheall ar fheachtais don reifreann ar Chonradh Liospóin, níor chláraigh aon tríú páirtithe eile leis an gCoimisiún um Chaighdeáin i rith 2008.

Go luath in 2008, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an seacht dtríú páirtí a bhí cláraithe leis i rith 2007 agus d'iarr Deimhniú Síntiús Airgid agus ráiteas bainc uathu i ndáil lena gcuntais síntiús polaitíochta. Sholáthair trí thríú páirtí ráiteas bainc agus Deimhniú Síntiús Airgid. Dheimhnigh an ceithre thríú páirtí eile i scríbhinn don Choimisiún nach raibh aon ghníomhaíocht ar a gcuntais síntiús polaitíochta i rith 2007. Chuir trí thríú páirtí chláraithe in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nach mbeidís ag feidhmiú mar thríú páirtí i rith 2008.

Tríú Páirtithe – Reifreann ar Chonradh Liospóin

Fuair an Coimmisiún um Chaighdeáin roinnt fiosrúchán roimh an bhfeachtas reifrinn maidir leis an mbealach a d'fheidhmeofaí forálacha na nAchtanna Toghcháin maidir le tríú páirtithe ag an reifreann. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle dlí nach bhfeidhmeofaí forálacha na reachtaíochta a bhain le tríú páirtithe i leith daoine aonair nó grúpaí as limistéir lasmuigh den stát nach raibh láithreacht sa dlínse seo acu agus a raibh futhu dul i mbun feachtasaíochta nó feachtais a mhaoiniú ag an reifreann. Tugadh de chomhairle don Choimisiún um Chaighdeáin freisin nach gceanglófaí ar dhuine aonair nó ar ghrúpa clárú mar thríú páirtí ach amháin sa chás go bhfuarthas ranníocaíocht, a tugadh chun críocha polaitíochta. Níor ceanglaíodh ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí a d'úsáid a n-acmhainní féin lena bhfeachtais reifrinn a mhaoiniú, agus nach bhfuair síntiús, clárú mar thríú páirtí. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an eolas faoin gcomhairle a fuair sé chomh maith leis an mbealach a bhí sé i gceist aige forálacha na nAchtanna Toghcháin maidir le tríú páirtithe a fheidhmiú ag an reifreann.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin fógra sna príomhnuachtáin náisiúnta agus in irisí ábhartha eile, agus thairg nóta míniúcháin, lenar míníodh forálacha na reachtaíochta ó thaobh mar a théann siad i bhfeidhm ar thríú páirtithe a théann i mbun feachtasaíochta ag an reifreann. Chuaigh an Coimisiún um Chaighdeáin i dteagmháil le roinnt daoine aonair agus grúpaí a bhí i mbun feachtasaíochta ag an reifreann. Tugadh cóip de nóta míniúcháin an Choimisiúin um Chaighdeáin dóibh ar fad agus iarradh orthu a machnamh a dhéanamh maidir le cibé ar ceanglaíodh orthu clárú mar thríú páirtí. Chláraigh ocht ngrúpa mar thríú páirtí.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle dlí freisin maidir leis an úsáid a

bhaineann **grúpaí polaitíochta** Fheisirí Eorpacha agus pháirtithe polaitíochta na hÉireann i bParlaimint na hEorpa as an maoiniúchán a sholáthraítear dóibh. Foráiltear le hAlt 22(2)(b)(ii) d'Acht 1997 nach meastar mar shíntiús aon íocaíocht, seirbhís nó áis arna soláthar do **dhuine** as suimeanna airgid arna soláthar ag foras an Aontais Eorpaigh de bhrí go bhfuil an duine ina Fheisire Eorpach nó ina ghrúpa polaitíochta. Maoiníonn Parlaimint na hEorpa grúpaí polaitíochta. Cuireann sí cistí ar fáil d'Fheisirí Eorpacha nó do pháirtithe polaitíochta atá ina gcomhaltaí den ghrúpa. Tugadh de chomhairle don Choimisiún um Chaighdeáin, de réir alt 22(2)(b)(ii) d'Acht 1997, nach measfaí mar shíntiús maoiniúchán arna soláthar ag a ngrúpaí polaitíochta d'Fheisire Eorpach nó do ghrúpa polaitíochta de chuid na hÉireann.

I rith an fheachtais reifrinn, cuireadh imní in iúl faoi chaiteachas grúpaí áirithe agus conas a bhí an caiteachas seo á mhaoiniú. Cuireadh imní in iúl freisin nár ceanglaíodh ar thríú páirtithe a bhí i mbun feachtasaíochta ag an reifreann mionsonraí ar shíntiúis a fuair siad a nochtadh. *Ag tús an fheachtais, shoiléirigh an Coimisiún um Chaighdeáin nach gceanglaítear ar thríú páirtithe a gcuid síntiús a nochtadh, neamhchosúil le páirtithe polaitíochta, ionadaithe tofa nó iarrthóirí ag toghcháin. Shoiléirigh an Coimisiún um Chaighdeáin freisin nach gcuirfí faisnéis a bhí ar na Deimhnithe Síntiús Airgid agus ar na ráitis bhainc a chuir tríú páirtithe ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar fáil don phobal lena ghrinnscrúdú.*

Foráiltear le hAlt 4(4) d'Acht 1997 go bhféadfaidh an Coimisiún cibé fiosrúcháin a dhéanamh agus is gá dar leis agus aon cháipéis, fhaisnéis nó ní a iarraidh ó dhuine chun críocha *a dhualgais faoin Acht a dhéanamh*. Tá na ceanglais a ghabhann le tríú páirtithe leagtha amach thuas. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann tríú páirtithe na ceanglais seo.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig ceithre thríú páirtí chláraithe maidir le hiasachtaí a bheith á soláthar (Libertas, CÓIR, Feachtas i gCoinne Bhunreacht an AE agus Comhghuaillíocht na hÉireann don Eoraip). Roghnaíodh na grúpaí seo ar an mbonn go raibh futhu caiteachas €10,000 nó os a chionn a tharraingt orthu féin ag an reifreann. Ní mheastar gur síntiús iasacht *bona fide*. D'fhéadfaí iasacht a sholáthraíonn institiúid airgeadais nó duine eile do thríú páirtí ar théarmaí agus ar choinníollacha fabhracha a mheas mar shíntiús áfach. Chuir Comhghuaillíocht na hÉireann don Eoraip, CÓIR agus Feachtas i gCoinne Bhunreacht an AE in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin

nach raibh aon iasachtaí faighte acu chun a bhfeachtais reifrinn a mhaoiniú.

D'inis Libertas don Choimisiún um Chaighdeáin cheana féin faoi iasacht a sholáthair an tUas. Declan Ganley. Cuireadh an cheist sa litir chuig Libertas cé acu ar soláthraíodh iasachtaí eile chun an feachtas reifrinn a mhaoiniú. Tar éis roinnt meabhrúchán scríofa chuig Libertas, sholáthair a aturnaetha cóip den chomhaontú faoin iasacht idir Libertas agus an tUas. Declan Ganley, ar an 30 Márta 2009 faoi dheireadh. Is cosúil go dtugtar le fios leis an gcomhaontú faoin iasacht gurb iasacht *bona fide* é an iasacht ón Uas. Declan Ganley do Libertas. Dheimhnigh na haturnaetha freisin nár soláthraíodh aon iasachtaí eile do Libertas.

Chuir "duine freagrach" Libertas, an tUas. Naoise Nunn, in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin an 30 Meán Fómhair 2008 gur éirigh sé as Libertas le héifeacht ó 19 Meán Fómhair 2008. Le cois Deimhniú agus ráiteas bainc a chur ar fáil i leith chuntas síntiús polaitíochta an tríú páirtí, caithfidh an duine freagrach a chinntiú freisin go seolfar aon síntiúis toirmiscthe a d'fhéadfadh a bheith faighte ag an tríú páirtí ar ais chuig an deontóir nó go gcuirfear ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin iad. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin, mar sin, chuig Libertas an 3 Deireadh Fómhair 2008 á iarraidh air mionsonraí a sholáthar faoin duine a bhí tagtha isteach in ionad an Uas. Nunn mar dhuine freagrach le haghaidh Libertas. Níor soláthraíodh an fhaisnéis seo don Choimisiún um Chaighdeáin go dtí 30 Márta 2009.

Tar éis tuairiscí sna meáin chumarsáide, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin na fiosrúcháin eile seo a leanas a dhéanamh le Libertas lena chinntiú go gcomhlíonfadh sé a oibleagáidí faoin Acht maidir le gan síntiúis toirmiscthe a ghlacadh:

a) Fostaithe Rivada Networks Teo
   Tugadh le fios go mb'fhéidir go raibh daoine arna bhfostú ag Rivada íoctha ag an gcuideachta sin agus iad ag obair do Libertas ar a fheachtas reifrinn. Dá mba amhlaidh seo, d'fhéadfaí é a mheas mar shíntiús do Libertas ó Rivada. Dá mbeadh luach iomlán na seirbhísí a soláthraíodh os cionn €6,348.69 in aon bhliain ar bith, cheanglófaí ar Libertas an síntiús sa bhreis a aisíoc le Rivada.

   Dheimhnigh Libertas i litir dár dáta 7 Iúil 2008 "gur oibrigh fostaithe Rivada, a

d'oibrigh ar thionscadal Libertas, ina gcuid ama saoir agus ar bhonn deonach." An 11 Meán Fómhair 2008, d'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin ar Libertas mionsonraí breise a sholáthar faoi na fostaithe a d'oibrigh ar an bhfeachtas reifrinn. An 30 Márta 2009, chuir aturnaetha do Libertas in iúl don Choimisiún gur oibrigh triúr fostaí de Rivada Networks ar fheachtas Libertas ar bhonn deonach - Naoise Nunn, David Cochrane agus Norrie Keane. Ní raibh siad i mbun oibre go lánaimseartha ar fheachtas Libertas agus iad ag obair do Rivada. Dheimhnigh na haturnaetha nár chaith na daoine seo aon chuid den am a bhí siad faoi chonradh oibriú do Rivada Networks ar fheachtas Liospóin. D'fhéadfadh saoire íoctha a bheith glactha acu de réir a dteidlíochtaí reachtúla ach níor ghlac siad saoire neamhíoctha chun oibriú ar fheachtas Liospóin. Ó 1 Bealtaine 2008 ar aghaidh, bhí an tUas. Nunn agus an tUas. Cochrane fostaithe ag Libertas agus d'éirigh siad as a bheith ag obair do Rivada. D'fhostaigh Libertas duine eile, John McGuirk, ó 18 Márta. Ní raibh aon nasc aige le Rivada.

b) Úsáid "The Lisbon Treaty: the Readable Version"

Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas go raibh leabhar dáilte ag Libertas - *"The Lisbon Treaty: the Readable Version"* – mar chuid dá fheachtas reifrinn. Tuairiscíodh go raibh luach miondíola áirithe ar an leabhar agus gur thug eagraíocht eile, an Fhondúireacht ar son Daonlathais Eorpaigh, 35,000 cóip den leabhar do Libertas. Sainmhínítear síntiús san Acht mar rannchuidiú a thugtar chun críocha polaitíochta. Tá earraí, maoin nó seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce nó faoi bhun costais san áireamh leis seo. Má tugadh na leabhair chun cabhrú le Libertas ina fheachtas reifrinn agus má bhí luach iomlán na leabhar a soláthraíodh do Libertas os cionn €6,348.69 in aon bhliain ar bith, cheanglófaí ar Libertas an síntiús sa bhreis a aisíoc leis an bhFondúireacht ar son Daonlathais Eorpaigh. D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin ar Libertas an seasamh a shoiléiriú maidir le húsáid na leabhar seo, cé acu ar soláthraíodh iad saor in aisce nó faoi bhun costais tráchtála, agus chuir sé an cheist cén fáth nár chóir soláthar na leabhar seo a mheas mar shíntiús do Libertas.

I litir dár dáta 7 Iúil 2008, dheimhnigh Libertas go raibh roinnt cóipeanna den leabhar seo faighte aige ó "Dhaonlathaigh an AE". Dúirt Libertas nach raibh aon teachtaireachtaí polaitíochta sna leabhair agus gur dáileadh iad saor in aisce. Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin nach raibh an fhreagairt seo iomlán ábhartha agus

cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu arbh ionann na leabhair a bheith soláthraithe agus síntiús do Libertas. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig Libertas arís an 22 Lúnasa 2008 á chomhairliú dó, má tugadh na leabhair saor in aisce (sa chás go mbíonn táille orthu de ghnáth) agus má tugadh iad chun féachaint le tionchar a imirt ar thoradh an reifrinn, go measfaí mar shíntiús do Libertas iad. Iarradh tuilleadh ráiteas ó Libertas maidir le cén fáth nár chóir soláthar na leabhar seo a mheas mar shíntiús.

Chuir aturnaetha Libertas in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin an 30 Márta 2009 go maítear sa leabhar gurb "Eagrán comhdhlúite sothuigthe atá ann den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh faoi mar a leasaíodh le Conradh Liospóin é". Dúirt siad gur cáipéis é an leabhar a d'ullmhaigh an Fhondúireacht ar son Dhaonlathas an AE agus nach dtacaítear le haon seasamh sa leabhar maidir le Conradh Liospóin. Níor foilsíodh an leabhar d'fhonn is go ndíolfaí é. Meaann an tUas. Ganley go bhfuil an leabhar "neodrach" maidir leis an tsaincheist a cuireadh i láthair le haghaidh reifrinn agus, dá thoradh sin, nach dtagann sé faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar "chríocha polaitíochta".

Rinneadh fiosrúcháin le Siopa Leabhar an AE freisin maidir le cé acu an raibh an leabhar riamh ar díol ar eubookshop.com agus más amhlaidh go raibh, cén praghas miondíola a bhí ar an leabhar. Fuarthas freagra ón Uas. Jens Peter Bonde an 1 Aibreán 2009. Dúirt sé nach bhfuil an leabhar ach "faoin gconradh a raibh sibh ag vótáil faoi agus chuir muid ar fáil do chách é". Dúirt an tUas. Bonde gur phriontáil an Fhondúireacht ar son Dhaonlathas an AE 2,000 cóip den leabhar agus gur dháil sé iad saor in aisce orthu siúd a d'iarr é. Fuair Libertas 1,000 cóip saor in aisce. Dúirt sé lena chois sin gur lig an Fhondúireacht do EU Bookshop a leabhair a chur chun cinn. Ní raibh aon fhíordhíolachán ann. Tá na leabhair ag EU Bookshop le tabhairt amach saor in aisce nó ar shuim shiombalach agus íocann an siopa as an leabhar a chur sa phost tríd an bpraghas díolacháin oifigiúil a ghearradh. Mhaígh an tUas. Bonde nach féidir na leabhair a dhíol ar bhonn tráchtála.

Tugadh laigeachtaí suntasacha, i bhforálacha na nAchtanna Toghcháin maidir le tríú páirtithe, chun suntais le reifreann 2008. Ina Léirmheas ar na hAchtanna Toghcháin in 2003 agus ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2005, mhol an Coimisiún um

Chaighdeáin, seachas a chinneadh cé acu an gceanglaítear ar dhuine aonair nó ar ghrúpa clárú mar thríú páirtí ar bhonn cé acu ar ghlac siad le síntiús, gur chóir go ndíreofaí fócas na bhforálacha seo den reachtaíocht ar an tsuim a chaith daoine aonair nó grúpaí ar fheachtas ar leith. Má chuaigh an tsuim sin os cionn tairseach áirithe (m.sh. €5,000) d'fhéadfaí a cheangal ar dhaoine aonair/ar ghrúpaí a thaispeáint conas a maoiníodh a bhfeachtas. Bheadh teorainneacha i bhfeidhm maidir le cineál agus suim na síntiús a bhféadfaí glacadh leo chun an feachtas a mhaoiniú.

D'iarr an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an gCoimisiún um Chaighdeáin i mí Eanáir 2009 tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid lena leagfaí amach a eispéireas ar fhorálacha na reachtaíochta maidir le tríú páirtithe a fheidhmiú, de réir mar a feidhmíodh iad ag reifrinn a reáchtáladh le déanaí. Cuireadh an tuarascáil seo ar fáil don Aire an 10 Márta 2009. Le cois a eispéireas i ndáil le Conradh Liospóin a leagan amach, tugtar cuntas ginearálta sa tuarascáil freisin ar na deacrachtaí a bhí ag an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na forálacha seo agus ar na húdair imní a chuir roinnt grúpaí deonacha agus grúpaí eile, a ndeachaigh an reachtaíocht i bhfeidhm orthu, in iúl. Déantar moltaí sa tuarascáil freisin maidir leis an mbealach go bhféadfaí na forálacha den reachtaíocht a bhaineann le tríú páirtithe a fheabhsú. Soláthraítear mionsonraí sa tuarascáil ar dhaoine aonair/ghrúpaí a ndeachaigh an Coimisiún um Chaighdeáin i dteagmháil leo i ndáil leis an reifreann. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh an rún a dúirt an Taoiseach agus an tAire go raibh acu le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais a ghabhann le tríú páirtithe maidir le síntiúis agus maoiniúchán a nochtadh. *Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, go bhféadfaí forálacha uile na nAchtanna Toghcháin a bhaineann le tríú páirtithe a chuimsiú san athbhreithniú seo agus gur chóir go gcuirfí moltaí a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin roimhe seo maidir leis seo san áireamh chomh maith leis na moltaí a bhí ina thuarascáil don Aire le déanaí.*

Cumhachtaí fiosrúcháin faoi alt 4(4) d'Acht 1997

Neamhchosúil leis na hAchtanna um Eitic, ní sholáthraíonn na hAchtanna Toghcháin nós imeachta foirmiúil don Choimisiún um Chaighdeáin le haghaidh gearán agus imscrúdaithe chun cásanna, maidir le daoine/grúpaí nár chomhlíon na hAchtanna,

a scrúdú. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, faoi alt 4(4) d'Acht 1997, pé fiosrúcháin a dhéanamh agus is cuí dar leis agus ceangal ar aon duine aon fhaisnéis, cháipéis nó ní atá i seilbh nó ar fáil ag an duine a chur ar fáil chun a dhualgais faoi na hAchtanna Toghcháin a chomhlíonadh.

Tugtar raon feidhme an-leathan don Choimisiún um Chaighdeáin le hAlt 4(4) le faisnéis a iarraidh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaidh chun a ról maoirseachta faoi na hAchtanna Toghcháin a chomhlíonadh. I gcoitinne, áfach, déanann an Coimisiún um Chaighdeáin a fhiosrúcháin faoi na hAchtanna Toghcháin ar bhealach réasúnta neamhfhoirmiúil agus ní rachaidh sé i muinín iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis faoi alt 4(4) d'Acht 1997 ach amháin sa chás nár freagraíodh iarratais a rinneadh roimhe ar fhaisnéis den sórt sin.

Faoi mar a taispeánadh níos luaithe sa tuarascáil seo, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt fiosrúchán faoi na hAchtanna Toghcháin i rith 2008. I bhformhór na gcásanna, soláthraíodh an fhaisnéis a iarradh ar bhealach tráthúil. I roinnt cásanna áfach, bhí moilleanna suntasacha ann ó thaobh an fhaisnéis ar fad a d'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin.

Níl aon smachtbhanna sna hAchtanna Toghcháin má loiceann duine iarratas ar fhaisnéis a rinneadh faoi alt 4(4) d'Acht 1997 a chomhlíonadh. Cé go bhféadfaí breathnú ar phoiblíocht dhiúltach mar smachtbhanna má luaitear dhuine nó grúpa i dtuarascáil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin mar dhuine nó ghrúpa a loic iarratas ar fhaisnéis a chomhlíonadh, iarrann an Coimisiún um Chaighdeáin go gcuimhneofaí ar fhoráil le haghaidh cion as loiceadh iarratas ar fhaisnéis faoi alt 4(4) a chomhlíonadh.

Teorainneacha caiteachais ag toghcháin áitiúla

Ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2007, thagair an Coimisiún um Chaighdeáin d'aighneacht a bhí déanta aige don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil le togra le teorainneacha caiteachais a thabhairt isteach ag toghcháin áitiúla. I mí Márta 2009 achtaíodh reachtaíocht le héifeacht a thabhairt don togra seo (Acht Toghcháin (Leasú) 2009). Tá áthas ar an gCoimisiún um Chaighdeáin a thabhairt dá aire go bhfuil roinnt de na moltaí a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin ina aighneacht don Aire curtha isteach mar chuid den Acht, mar atá - teorainneacha difriúla caiteachais do

thoghcháin chuig comhairlí contae agus do thoghcháin chuig comhairlí baile; ceanglas reachtúil ar údaráis áitiúla mionsonraí a fhoilsiú maidir le síntiúis a nochtadh agus speansais a tharraing siad orthu féin; agus tréimhse toghcháin lena mbaineann líon seasta laethanta (idir 50 agus 60) roimh lá na vótaíochta.

03

Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste

Forálann na hAchtanna Toghcháin agus an tAcht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938 (Acht 1938) arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001 le haghaidh maoiniúcháin ón Státchiste do pháirtithe polaitíochta cáilithe. Tugtar an Liúntas Ceannairí Páirtí ar an maoiniúchán faoin gceann deiridh. Íocadh **€13,742,202** le páirtithe polaitíochta cáilithe san iomlán in 2008 faoi na hAchtanna Toghcháin agus faoin Liúntas Ceannairí Páirtí.

Maoiniúchán faoi na hAchtanna Toghcháin

Chun cáiliú le haghaidh maoiniúcháin faoi na hAchtanna Toghcháin, ní mór do pháirtí polaitíochta a bheith curtha san áireamh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus 2% ar a laghad de na vótaí chéadrogha a bheith faighte acu san olltoghchán Dála deiridh. Íocadh maoiniúchán le sé pháirtí cháilithe i rith 2008 ar bhonn thorthaí olltoghchán 2007. Ní ghearrtar cáin ioncaim ar an maoiniúchán.

Íoctar €126,973 mar bhunsuim le gach páirtí polaitíochta cáilithe go bliantúil. Lena chois sin, bíonn gach páirtí polaitíochta cáilithe i dteideal cion de shuim bhliantúil ar €3.8m a socraíodh a bheadh i gceist leis ar dtús agus a mhéadaítear ar aon dul le méaduithe ginearálta pá sa státseirbhís. Déantar cion an chiste a bheidh iníoctha le páirtí polaitíochta cáilithe a chinneadh trí vótaí chéadrogha an pháirtí cháilithe a léiriú mar chéatadán d'iomlán na vótaí chéadrogha arna bhfáil ag na páirtithe polaitíochta cáilithe go léir.

I rith 2008, feidhmíodh méadú 2.5% faoi I dTreo 2016 i leith an chiste le héifeacht ó 1 Márta 2008. Feidhmíodh méadú 2.5% eile faoi I dTreo 2016 le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2008. Ba é luach an chiste ag 31 Nollaig 2008 ná €4,948,201. Nuair a chuirtear

buníocaíochtaí an €126,973 a bhíonn iníoctha le gach ceann den sé pháirtí cháilithe leis an gciste, is é an tsuim iomlán a bhí iníoctha le páirtithe polaitíochta cáilithe faoi na hAchtanna Toghcháin ag 31 Nollaig 2008 ná €5,710,044. Ba é an maoiniúchán iomlán iarbhír a fuair páirtithe cáilithe polaitíochta faoi na hAchtanna Toghcháin i gcomhair 2008 ná €5,609,961. Tá an fhíric, nach raibh na suimeanna méadaithe iníoctha ach do chuid de 2008, ina mhíniú ar an difríocht.

Ceanglaíonn na hAchtanna Toghcháin ar pháirtithe polaitíochta cáilithe an maoiniúchán a fhaigheann siad a fheidhmiú i leith *"gnóthaí an pháirtí a riaradh agus a bhainistiú go ginearálta agus i leith aon cheann dá chuspóirí a bheith á leanúint go dleathach aige agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, aon cheann de na cuspóirí seo a leanas nó iad go léir:*

- *cúrsaí ginearálta an pháirtí a riaradh;*
- *taighde, oideachas agus oiliúint;*
- *polasaithe a cheapadh;*
- *gníomhaíochtaí chraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí a chomhordú."*

Meastar go mbíonn soláthar i leith rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitíochta san áireamh sa mhaoiniúchán freisin. Ní féidir an maoiniúchán a úsáid chun speansais toghcháin nó reifrinn a fhorchúiteamh.

Ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta cáilithe cuntas a thabhairt go bliantúil don Choimisiún um Chaighdeáin i leith chaiteachas a mhaoiniúcháin arna fháil i rith na bliana roimhe sin. Caithfidh an Ráiteas Caiteachais Státchiste a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus caithfear cóip de thuairisc an iniúchóra a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in éineacht leis an Ráiteas. Iarrann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir go gcuirfí na Ráitis Chaiteachais Státchiste agus tuairiscí na n-iniúchóirí ar fáil faoi 31 Márta gach bliain. Sa chás nach bhfuil Ráiteas Caiteachais Státchiste agus tuairisc iniúchóra curtha ar fáil ag páirtí polaitíochta cáilithe don Choimisiún um Chaighdeáin i leith na bliana roimhe faoi 30 Aibreán in aon bhliain ar bith, cuirfear a thuilleadh

íocaíochtaí den mhaoiniúchán siar go dtí pé tráth go bhfaighfear an Ráiteas Caiteachais Státchiste agus tuairisc an iniúchóra.

Tá mionsonraí sna Ráitis Chaiteachais Státchiste i gcomhair 2008 ar shuim an mhaoiniúcháin a fuair gach páirtí polaitíochta cáilithe i leith 2008 chomh maith le haon mhaoiniúchán nár caitheadh agus a tugadh ar aghaidh ó 2007. Tá mionsonraí sna Ráitis Chaiteachais Státchiste freisin, faoi na teidil thuas, faoin mbealach a caitheadh an maoiniúchán. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar fáil do Chathaoirleach Dháil Éireann an Meitheamh 2009 lenar soláthraíodh mionsonraí ar an maoiniúchán a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe faoi na hAchtanna Toghcháin i leith 2008 agus ar an mbealach gur feidhmíodh an maoiniúchán seo. Leagadh na Ráitis Chaiteachais Státchiste agus tuarascálacha na n-iniúchóirí faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an lá céanna agus cuireadh iad ar fáil go mbeadh an pobal in ann iad a ghrinnscrúdú agus a chóipeáil. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Maoiniúchán faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí

Forálann an reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí go n-íocfar liúntas bliantúil le ceannaire parlaiminte páirtí polaitíochta cáilithe i ndáil le speansais a thagann de bharr ghníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí, lena n-áirítear taighde. Forordaíonn an reachtaíocht 11 chatagóir dhifriúla chaiteachais a mheastar mar speansais a thagann de bharr ghníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí, lena n-áirítear taighde. Ní ghearrtar cáin ioncaim ar an Liúntas. Ní cheadaítear an Liúntas a úsáid le haghaidh speansas toghcháin nó vótaíochta nó leis na speansais sin a fhorchúiteamh.

Sainmhínítear páirtí polaitíochta cáilithe faoin reachtaíocht mar pháirtí atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus a raibh comhalta amháin ar a laghad den pháirtí tofa chuig Dáil Éireann nó tofa nó ainmnithe chuig Seanad Éireann. Tá an sé pháirtí polaitíochta chéanna atá cáilithe le maoiniúchán Státchiste a fháil faoi na hAchtanna Toghcháin cáilithe go n-íocfar an Liúntas leo freisin. Bíonn an liúntas a bheidh iníoctha le páirtí polaitíochta cáilithe bunaithe ar líon na gcomhaltaí den pháirtí atá ina gcomhaltaí de Dháil Éireann nó Sheanad Éireann. Má dhéanann páirtí polaitíochta cáilithe cuid den Rialtas, déanfar na comhliúntais i leith a chomhaltaí atá ina gcomhaltaí den Dáil amháin, a laghdú faoi aon trian. Dá réir sin, laghdaítear an Liúntas a bhí iníoctha le Fianna Fáil, leis an gComhaontas Glas agus leis an bPáirtí Daonlathach faoi aon trian.

Méadaítear na liúntais ar aon dul le méaduithe pá ginearálta na státseirbhíse. Feidhmíodh méadú 2.5% faoi 1 dTreo 2016 ar an gciste i rith 2008 le héifeacht ó 1 Márta 2008. Feidhmíodh méadú 2.5% eile faoi 1 dTreo 2016 le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2008.

Is féidir an Liúntas a mhéadú le hordú an Rialtais freisin. Bheadh méadú den sórt sin ar aon dul le méaduithe arna mbronnadh faoi Thuarascálacha an Ghasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí. Ní dhearnadh aon mhéaduithe den sórt sin ar an Liúntas i rith 2008.

Is mar seo a leanas a bhí na liúntais, mar a bhí ag 31 Nollaig 2008, do Chomhaltaí Dháil Éireann:

	2008 (In aghaidh an Chomhalta)
An chéad 10 gComhalta	€71,520
Ó 11 go dtí 30 Comhalta	€57,214
Os cionn 30 Comhalta	€28,616
Comhaltaí Neamhspleácha	€41,152

Is mar seo a leanas a bhí na liúntais, mar a bhí ag 31 Nollaig 2008, do chomhaltaí an tSeanaid:

	2008 (In aghaidh an Chomhalta)
An chéad 5 Chomhalta	€46,766
Os cionn 5 Chomhalta	€23,383
Seanadóirí Neamhspleácha	€23,383

Ba é an tsuim iomlán a íocadh le ceannairí parlaiminte páirtithe cáilithe polaitíochta i gcomhair 2008 ná €8,132,241. Ba é an tsuim iomlán a íocadh le Teachtaí Dála agus Seanadóirí Neamhspleácha ná €361,936.

Ceanglaítear ar gach ceannaire páirtí pharlaiminte ráiteas bliantúil caiteachais a ullmhú i leith an Liúntais. Caithfidh an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus

caithfear cóip de thuarascáil an iniúchóra a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in éineacht leis an ráiteas. Caithfear an ráiteas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh an Liúntas. Is é 30 Aibreán an dáta seo de ghnáth. (Iarrann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, go gcuirfear an ráiteas ar fáil faoi 31 Márta gach bliain). Mura bhfaigheann an Coimisiún um Chaighdeáin an ráiteas caiteachais agus tuarascáil an iniúchóra laistigh de thréimhse na 120 lá, cuirtear íocaíocht an Liúntais siar go dtí pé tráth go bhfaighfear an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra. Soláthraíonn na ráitis a cuireadh ar fáil i gcomhair 2008 mionsonraí ar an maoiniúchán a fuarthas don bhliain sin agus ar an tsuim a tugadh ar aghaidh ó 2007, má bhí suim ar bith den sórt sin ann. Tugtar mionsonraí sna ráitis, faoin 11 chatagóir chaiteachais, (arna bhforordú sa reachtaíocht), ar na gnóthaí ar caitheadh an maoiniúchán orthu i rith 2008.

I rith 2008, tháinig an Taoiseach, Brian Cowen TD, in ionad an Uas. Bertie Ahern TD, mar cheannaire parlaiminte Fhianna Fáil. De réir na reachtaíochta, comhaontaíodh go gcuirfeadh an Taoiseach ráiteas aonair caiteachais ar fáil i leith an Liúntais a íocadh leis an bpáirtí i rith 2008.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil a chur ar fáil don Aire Airgeadais go bliantúil á thabhairt le fios cé acu ar cuireadh na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí isteach faoin spriocdháta reachtúil, cé acu ar nochtadh aon chaiteachas neamhúdaraithe agus cé acu an bhfuil an ráiteas leordhóthanach nó cé acu an bhfuil an ráiteas míchuí. Cuireadh tuarascáil a bhain le caiteachas an Liúntais in 2008 ar fáil don Aire Airgeadais an Meitheamh 2009 agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais í. Tá mionsonraí i dtuarascáil an Choimisiúin um Chaighdeáin ar an maoiniúchán a fuair ceannairí parlaiminte na bpáirtithe polaitíochta cáilithe agus ar an mbealach a caitheadh é. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin. Tá cóipeanna de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí ar fáil don phobal lena ghrinnscrúdú agus a chóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2007, thug an Coimisiún um Chaighdeáin deacracht chun suntais a bhain le comhairle a thabhairt do pháirtithe polaitíochta i ndáil le húsáid an Liúntais. Cé go mbíonn comhairle a thugann an Coimisún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic agus faoi na hAchtanna Toghcháin ina gceangal dlí, níl aon bhonn

dlí le comhairle a thugtar i ndáil leis an Liúntas Ceannairí Páirtí. Ina thuarascáil don Aire Airgeadais maidir le caiteachas an Liúntais ag páirtithe polaitíochta cáilithe in 2007, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin moladh gur chóir go mbeadh an Coimisiún um Chaighdeáin nó an tAire Airgeadais in ann treoirlínte a fhoilsiú nó comhairle a thabhairt faoi úsáid chuí an Liúntais agus gur chóir go mbeadh teoirlínte agus comhairle den sórt sin ina gceangal dlí ar na daoine lena mbaineann siad. Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin go n-ullmhófaí aon treoirlínte den sórt sin i gcomhairle le ceannairí parlaiminte páirtithe polaitíochta cáilithe. Agus é ag cuimhneamh ar fhoráil den sórt sin, mhol an Coimisiún um Chaighdeáin go mb'fhéidir go dtabharfadh an tAire aird ar fhorálacha alt 25 d'Acht um Eitic in Oifigí Poiblí agus ar alt 4(6) d'Acht Toghcháin 1997.

I rith 2008, lean an Coimisiún um Chaighdeáin ar aghaidh le bheith ag fáil iarratas ó pháirtithe polaitíochta le haghaidh comhairle maidir le cé acu an cuí úsáid a bhaint as an Liúntas chun críoch ar leith. Thug an Coimisiún um Chaighdeáin a chomhairle agus aird á tabhairt aige ar fhorálacha alt 10(1) agus 10(14) d'Acht 1938, faoi mar a leasaíodh, nó má mheas sé go bhfuil úsáid den sórt sin toirmiscthe faoi alt 10(5) d'Acht 1938, faoi mar a leasaíodh. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin cóip d'iarratais den sórt sin le haghaidh comhairle agus den chomhairle a tugadh, ar aghaidh chuig an an Aire Airgeadais mar fhaisnéis, agus ainmneacha na ndaoine a rinne na hiarratais bainte amach.

04

Moltaí le haghaidh athruithe

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2006 agus 2007, rinne an Coimisún um Chaighdeáin achoimre ar a mholtaí le haghaidh athruithe ar an reachtaíocht um eitic agus toghcháin. Leagtar na moltaí seo amach arís sa chaibidil seo, in éineacht le moltaí breise a tháinig chun cinn óna bhreithniúcháin i rith 2008, in éineacht leis an scéal is déanaí maidir le haon dul chun cinn a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe idir an dá linn.

Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar an hAchtanna um Eitic

Sna trí Thuarascáil Bhliantúil is déanaí leis, leag an Coimisiún um Chaighdeáin leasuithe amach, a mhol sé go déanfaí ar an reachtaíocht um eitic. Lena chois sin, scríobh sé chuig an Aire Airgeadais leis na leasuithe, ar mheas sé a bheith riachtanach a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic, a leagan amach. Tugadh leideanna go mb'fhéidir gur cuireadh roinnt leasuithe de na cinn a mhol an Coimisún um Chaighdeáin san áireamh i gcomhthéacs an Bhille um Eitc in Oifigí Poiblí (Leasú) 2007 (Bille 2007).

Foilsíodh Bille 2007 i mí Aibreáin 2007. Rith Seanad Éireann ina dhiaidh sin i mí Iúil 2007 é. Tugtar aghaidh sa Bhille, faoi mar a rith Seanad Éireann é, ar shaincheisteanna a bhaineann le bronntanais do shealbhóirí oifigí agus do chomhaltaí an Oireachtais agus ardaítear na tairsí leis an mBille maidir le leasanna inchláraithe nach mór a nochtadh. Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2006, chuir an Coimisún um Chaighdeáin in iúl go raibh aiféala air nár glacadh na leasuithe ar na hAchtanna um Eitic a mhol sé roimhe sin. D'iarr sé go mbreithneofaí na leasuithe a mhol sé go práinneach agus, i bhfianaise chastacht na nAchtanna um Eitic go ginearálta, go gcuimhneofaí ar Bhille (Comhdhlúthú) a dhréachtú a bheadh níos so-úsáidte.

Thug an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007 gur thug an tAire Airgeadais le fios i nDáil Éireann an 31 Eanáir 2008 go raibh faoi leasuithe ar an mBille a thabhairt isteach, cosúil le roinnt de na moltaí a rinne an Coimisún um Chaighdeáin ach nach raibh sé ag beartú an sainmhíniú ar an téarma "gníomh sonraithe", a úsáidtear sa reachtaíocht, a leasú nó reachtú le haghaidh gearáin maidir le duine nó grúpa a loiceann cloí le caighdeáin shainmhínithe áirithe um eitic. Dúirt sé freisin nach raibh aon phleananna aige an dlí a leasú chun cur ar chumas an Choimisiúin um Chaighdeáin oifigeach fiosrúcháin a cheapadh gan gearán a bheith faighte. Tráth scríofa na tuarascála, bhí Dáil Éireann fós le Bille 2007 a bhreithniú agus ní raibh aon chor eile sa scéal i ndáil le ceachtar de na moltaí seo.

I rith 2008, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Aire Airgeadais le moladh go ndéanfaí dhá leasú eile ar an reachtaíocht um eitic. Mhol sé go ndéanfaí athbhreithniú ar an sainmhíniú ar 'oifig shinsearach' san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 sa chaoi is go mbeadh poist shealadacha, ghníomhacha nó ionadaíochta eisiata sa chás go raibh sé i gceist go mairfeadh téarma poist den sórt sin tréimhse is lú ná trí mhí. Foráiltear le hAcht 2001 go gceanglaítear ar dhaoine a cheaptar in 'oifig shinsearach' dearbhú reachtúil a chur ar fáil agus deimhniú imréitigh cánach nó ráiteas iarratais faoi cheann 9 mí tar éis a gceapacháin. Leis an sainmhíniú, cuimsítear daoine a cheaptar i bpoist fhostaíochta ainmnithe nó i stiúrthóireachtaí ainmnithe nach lú an luach saothair dóibh ná luach saothair Leas-Rúnaí sa Státseirbhís (€177,547 per annum faoi láthair).

D'fhág seo go bhfuil saincheist ann i ndáil le ceapacháin nach maireann ach ar feadh tréimhsí gearra. Is minic a tharlaíonn sé go bhféadfadh dochtúir ospidéil bogadh ó phost ionadaíochta amháin go ceann eile chun taithí a fháil le súil is go bhfaighidh sé nó sí post buan mar lia comhairleach ar deireadh. Ar gach ócáid dá gceaptar an duine sin i bpost ionadaíochta, bíonn air nó uirthi an fhianaise riachtanach a chur ar fáil gur comhlíonadh oibleagáidí laistigh de na spriocdhátaí reachtúla. D'fhéadfadh seo a fhágáil go mbeadh ar dhuine na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh roinnt mhaith uaireanta faoi cheann tréimhse ama réasúnta gearr. D'fhéadfadh an fhíric, go gcaithfidh deimhniú imréitigh cánach a bheith eisithe faoi cheann naoi mí roimh nó i ndiaidh dháta an cheapacháin, a fhágáil go bhféadfaidh deimhniú imréitigh cánach aonair na hoibleagáidí a chomhlíonadh, a thagann de bharr roinnt ceapachán in oifig shinsearach i gcaitheamh tréimhse naoi mí. Is dócha, áfach, go gcaithfí dearbhú reachtúil ar leithligh a dhéanamh i leith gach

ceapachán. Sa chás go gceapfaí duine ar shraith de phoist ionadaíochta a mhairfeadh trí nó ceithre seachtaine i gcaitheamh tréimhse naoi mí, cheanglófaí ar an duine sin dearbhú reachtúil a dhéanamh suas le naoi n-uaire i rith na tréimhse sin. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go gcuirtear ualach riaracháin míchuí ar dhaoine a cheaptar i bpoist den sórt sin nuair a fheidhmítear na forálacha seo go dian i gcúinsí den sórt sin. I bhfianaise gur dócha go ndéanfar athbhreithniú ar na spriocdhátaí maidir le dearbhuithe reachtúla a dhéanamh sa chaoi is go gcaithfear na dearbhuithe a dhéanamh trí mhí roimh nó i ndiaidh an dáta cheapacháin, mhol an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir go mbeadh poist shealadacha, ghníomhacha nó ionadaíochta eisiata ón sainmhíniú ar 'oifig shinsearach' sa chás go bhfuil sé i gceist go mairfeadh téarma poist den sórt sin tréimhse is lú ná trí mhí. Thug an tAire Airgeadais leid go dtabharfadh sé ar oifigigh a Roinne an moladh a scrúdú.

Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin don Aire Airgeadais freisin go bhforáilfí le haghaidh córaim nach lú ná triúr comhalta (agus an Cathaoirleach san áireamh i ngach cás) le haghaidh éisteachta d'imscrúdú faoi na hAchtanna um Eitic. Faoi láthair, éilíonn na hAchtanna um Eitic go mbeidh gach comhalta den Choimisiún um Chaighdeáin i láthair le haghaidh imscrúduithe. I gcás imscrúdú casta agus/nó fada, d'fhágfadh sé seo go mbeadh ar sheisear comhalta uile an Choimisiúin um Chaighdeáin a bheith i láthair ar feadh tréimhse ama suntasaí. Tá dualgais shubstaintiúla eile le feidhmiú ag roinnt comhaltaí lasmuigh dá ról mar Choimisinéirí. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir athmhachnamh a dhéanamh ar an gceangal atá ann faoi láthair go bhfreastalódh gach comhalta den Choimisiún ar imscrúdú. Bheadh líon na gCoimisinéirí le cinneadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i bhfianaise na gcúinsí ar leith a bhaineann leis an imscrúdú a bheidh á éisteacht. Thug an tAire Airgeadais leid go dtabharfadh sé ar oifigigh a Roinne an moladh a scrúdú.

Thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeáin ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2003 gur mhol sé go ndéanfaí athbhreithniú ar an scála ama maidir leis an dlí a chur ar dhaoine as cionta féideartha maidir le dearbhuithe reachtúla bréagacha a dhéanamh i gcomhthéacs fianaise a sholáthar gur comhlíonadh reachtaíocht chánachais. De réir na forála a bhí ann cheana féin, chaithfí an dlí a chur ar dhuine faoi cheann 6 mhí ón uair a rinneadh an cion. Rinneadh athbhreithniú leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 ar Acht i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938 ionas go bhforáilfí

gur féidir imeachtaí achoimre i ndáil le cion faoin Acht sin a thionscnamh ag am ar bith faoi cheann 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion nó ag am ar bith faoi cheann 6 mhí ón dáta go dtagann an té a thionscnaíonn imeachtaí den sórt sin ar eolas faoi fhianaise, ar leor dar leis le bheith ina húdar leis an dlí a chur ar an duine amhlaidh, cibé ceann is déanaí, ach nach dtionscnófar aon imeachtaí tráth is déanaí ná trí bliana ón dáta ar a ndearnadh an cion atá i gceist.

Ardaíodh an pionós leis an Acht freisin don chion maidir le dearbhú reachtúil bréagach nó míthreorach a dhéanamh, agus socraíodh gur fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó an dá rud a bheadh sa phionós. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh na leasuithe seo.

Ina Thuarascálacha Bliantúla i gcomhair 2005 agus 2006, thug an Coimisún um Chaighdeáin dá aire nár thionscain an tAire Airgeadais an rún cuí i dTithe an Oireachtais le Cathaoirligh Choistí an Oireachtais a ainmniú mar shealbhóirí oifige chun críocha na nAchtanna um Eitic, agus á gcur, leis sin, faoi réir ag na hAchtanna um Eitic i leith na bpost sin. Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007, dúirt an Coimisiún um Chaighdeáin gur tuigeadh go raibh an tAire ag dul i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí i ndáil leis an moladh seo. Chuir Ard-Rúnaí (PSMD) na Roinne Airgeadais in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin ina dhiaidh gur chinn an Tánaiste agus an tAire Airgeadais, Brian Cowen, T.D., mar a bhí an tráth sin, gan na rúin, chun cathaoirligh a ainmniú mar shealbhóirí oifige, a thairiscint tar éis dó dul i gcomhairle leis na Cathaoirligh agus a mhachnamh a dhéanamh ar na cúinsí. Is oth leis an gCoimisiún um Chaighdeáin an cinneadh seo.

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2006, mhol an Coimisún um Chaighdeáin, sa chás go bhfuil comhlacht poiblí á chur ar bun, gur chóir go gcuimhneodh an tAire Airgeadais ar Rialacháin a thabhairt isteach lena bhforordófaí stiúrthóireachtaí agus/nó poist fhostaíochta laistigh den chomhlacht chun críocha na nAchtanna um Eitic le héifeacht ó dháta bunaithe an chomhlachta, má mheasann sé gurb ar mhaithe leis an bpobal amhlaidh a dhéanamh. Dúirt an Coimisiún um Chaighdeáin ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2006 gur thuig sé go rabhthas ag cuimhneamh go gníomhach ar an moladh seo, a mbeadh comhoibriú gach Roinn Rialtais a mbeadh comhlacht nua á bhunú aici, riachtanach dó. Tráth scríofa na tuarascála seo, ní raibh rialacháin déanta de bhun

comhlachtaí nua poiblí a bheith bunaithe. Tuigtear go bhfuiltear fós ag cuimhneamh ar an moladh seo áfach. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an cur chuige seo níos ábharthaí mar gheall ar an gclár a bhfuiltear ag tabhairt faoi faoi láthair le gníomhaireachtaí stáit a chuíchóiriú agus mar gheall ar an tábhacht go gcinnteofaí nár chóir go mbainfí, ar chúiseanna teicniúla, na hoibleagáidí de dhaoine atá faoi réir ag forálacha na nAchtanna um Eitic faoi láthair.

Achoimre ar leasuithe eile a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic

1. Foráil i rialacháin lena leasaítear Alt 5(2) d'Acht 1995 lena gceanglaítear ar chomhaltaí ráitis, lena gcuirtear in iúl nach bhfuil leasanna ar bith acu, a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin seachas don Chléireach ábhartha, agus é sin le déanamh i reachtaíocht phríomhúil ionas go bhfaighfí réidh le haon amhras ar bith maidir le bunreachtúlacht na forála (tugann an Coimisún um Chaighdeáin dá aire go bhfuil foráil chuige seo sa Bhille um Eitic in Oifigí Poiblí (Leasú) 2007 arna rith ag Seanad Éireann).

2. Foráil, sa chás go gcuireann comhalta tofa nó duine a cheaptar in oifig shinsearach i gcomhlacht poiblí ráiteas iarratais ar fáil don Choimisiúin um Chaighdeáin, lena dtugtar le fios go ndearna an duine iarratas le hOifig an Ard-Bhailitheora go n-eiseofaí deimhniú imréitigh chánach chuige nó chuici agus nach ndearnadh cinneadh ina leith fós, go gceanglófar ar an duine sin deimhniú imréitigh chánach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin sa chás go n-eiseofar deimhniú den sórt sin chuige nó chuici ina dhiaidh.

3. Foráil go ngníomhóidh an Coimisún um Chaighdeáin de réir a chomhairle féin maidir le cé acu an bhfuil údar ann le himscrúdú maidir le cás inar sáraíodh na ceanglais a bhíonn ar chomhaltaí tofa agus ar dhaoine a cheaptar in oifig shinsearach le fianaise a sholáthar gur comhlíonadh reachtaíocht chánachais shonraithe.

4. Leasuithe ar na teorainneacha ama a bhfuil dearbhuithe reachtúla, deimhnithe imréitigh chánach agus ráitis iarratais le déanamh nó le heisiúint agus le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh díobh – mar shampla, d'fhéadfaí

deimhnithe imréitigh chánach a eisiúint agus a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann sé mhí seachas naoi mí faoi mar atá amhlaidh faoi láthair agus d'fhéadfaí dearbhuithe reachtúla a dhéanamh agus a chur ar fáil faoi cheann trí mhí seachas faoi cheann mí amháin agus a chur ar fáil faoi cheann naoi mí faoi mar atá amhlaidh faoi láthair. Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire go leasaítear, le hAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008, an spriocdháta ó mhí amháin go dtí trí mhí, maidir le dearbhú reachtúil a chaithfidh duine a dhéanamh sa chás gur moladh go gceapfaí é nó í in oifig bhreithiúnach.

5. Foráil go n-úsáidfear an dáta go dtionólfar Teach ábhartha an Oireachtais den chéad uair mar dháta an toghcháin chun na teorainneacha ama a chinneadh, a gcaithfidh comhalta tofa a dhearbhú nó a dearbhú reachtúil a dhéanamh agus deimhniú imréitigh chánach nó ráiteas iarratais a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh díobh.

6. Leasú ar Alt 24(2)(b)(ii) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 ionas go bhforáilfear gur chóir go seolfaí tuarascáil leis an gCoimisún um Chaighdeáin, maidir le sárú na bhforálacha um imréiteach cánach ag Ard-Aighne nach bhfuil ina chomhalta den Oireachtas, agus a chomhlíon na forálacha sin ina dhiaidh, chuig dhá Theach an Oireachtais seachas chuig 'an Teach' faoi mar atá foráilte faoi láthair.

Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin

D'fhoilsigh an Coimisún um Chaighdeáin léirmheas ar na hAchtanna Toghcháin i mí na Nollag 2003 agus mhol go ndéanfaí raon leasuithe orthu ag an tráth sin. San áireamh leo siúd bhí:

1. Mar an comhlacht a bhfuil freagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin, ba chóir go mbeadh bonn reachtúil ag an gCoimisún um Chaighdeáin le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus a thorthaí a thuairisciú.

2. Is gá ailt áirithe den Acht a leasú ionas go gcuirfear san áireamh go mbíonn a gceanglais tuairisceoireachta féin ar chomhaltaí údaráis áitiúil agus ar iarrthóirí ag toghcháin áitiúla faoi Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, faoi mar a leasaíodh.

3. Foráil le haghaidh cionta agus pionós as loiceadh forálacha Chodanna IV, V agus VI d'Acht 1997 a chomhlíonadh go ginearálta – baineann na codanna seo le síntiúis agus caiteachas ag iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta ag toghcháin na Dála agus Pharlaimint na hEorpa, agus síntiúis agus speansais toghcháin ag toghcháin uachtaránachta, faoi seach, a nochtadh.

4. Foráil le haghaidh ciona agus pionóis as loiceadh iarratas, ón gCoimisiún um Chaighdeáin (faoi alt 4(4) d'Acht 1997) le faisnéis nó cáipéisíocht a sholáthar, a chomhlíonadh.

5. Ba chóir go leasófaí an sainmhíniú ar "institiúid airgeadais", maidir le cuntais síntiús polaitíochta a oscailt, go gcuirfí comhair chreidmheasa san áireamh.

6. Foráil go bhfaighfí réidh le barrachas síntiús i gcásanna nach gceanglaítear ar dhuine cuntas síntiús polaitíochta a choinneáil ar bun a thuilleadh agus sa chás go bhfuil cistí fós sa chuntas nár úsáideadh.

7. Ba chóir cuimhneamh ar roinnt cuntasachta a fhorchur, i gcomhthéacs na dteorainneacha caiteachais, i leith tréimhse sonraithe roimh thosach feidhme na tréimhse toghcháin arna sainmhíniú leis an dlí (.i. go bhféadfaí síneadh a chur leis an tréimhse toghcháin ionas go n-áireofaí tréimhse roimh lánscor na Dála nó sula dtáirgtear eascaire ag toghchán).

8. Ba chóir an sainmhíniú ar "mhionspeansais" a theorannú go dtí €126.97 in aghaidh an iarrthóra in aghaidh an toghcháin.

9. Foráil go mbeidh iarrthóir (nó duine eile) ciontach i gcion má, ag tráth ar bith roimh, i rith nó i ndiaidh an toghcháin, go loiceann sé/sí an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do ghníomhaire toghcháin nó do ghníomhaire náisiúnta chun éascú leis an ngníomhaire a Ráiteas Speansas Toghcháin a chomhlánú. Foráil le haghaidh pionóis don chion seo.

10. Níor chóir an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le "tríú páirtí" a chinneadh ar bhonn cé acu an bhfuair duine aonair/grúpa síntiús ach ba chóir go mbeadh an fócas ar

chaiteachas ag daoine aonair/grúpaí agus ar iad a mheas mar thríú páirtithe má bhíonn futhu caiteachas a tharraingt orthu féin os cionn tairseach áirithe, abair €5,000, i ndáil le feachtas atá chun críocha polaitíochta faoi mar a shainmhínítear sa reachtaíocht.

11. Ba chóir an próiseas clárúcháin do "thríú páirtithe" agus do "dhaoine eile" (a bhfuil futhu speansais toghcháin a tharraingt orthu féin) a chónascadh. (Níor chóir go mbeadh aon ghá ann go gcláródh duine aonair/grúpa mar "thríú páirtí" agus go gcláróidís mar "dhuine eile" freisin).

12. Tá leid sa reachtaíocht go gceanglaítear ar dhuine aonair/grúpa cáipéisíocht a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar bhonn bliantúil, tar éis dó clárú mar thríú páirtí, in ainneoin nach bhfuil sé gníomhach chun críocha polaitíochta a thuilleadh. Is é an cur chuige a ghlac an Coimisún um Chaighdeáin maidir leis an scéal seo ná iarraidh ar thríú páirtithe a dhearbhú cé acu an bhfuil futhu leanúint ar aghaidh le bheith ann. Mura mian, ní dhéanfar aon teagmháil eile leo. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an gcás seo agus é a shoiléiriú.

13. Ba chóir cuimhneamh ar theorainn a fhorchur ar shuim an chaiteachais a fhéadfaidh tríú páirtí"/"duine eile" a tharraingt orthu féin ag toghchán. Mar shampla, má bhíonn "tríú páirtí"/"duine eile" ag cur in éadan iarrthóir áirithe ag toghchán, níor chóir go rachfadh suim an chaiteachais gur féidir leis an "tríú páirtí"/ "duine eile" a tharraingt air/uirthi féin os cionn na teorainne reachtúla caiteachais is infheidhme i leith an iarrthóra sin.

Achoimre ar leasuithe eile a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin

Ina thuarascáil maidir le holltoghchán na Dála 2007, mhol an Coimisún um Chaighdeáin go ndéanfaí na leasuithe seo a leanas ar na hAchtanna Toghcháin freisin, agus bhí súil aige go mb'fhéidir go gcuimhneofaí orthu i gcomhthéacs athbhreithnithe ar na hAchtanna Toghcháin agus Coimisiún Toghcháin á bhunú faoi mar a leagadh amach sa chlár reatha don rialtas.

1. Ceanglaítear ar an gCoimisún um Chaighdeáin a bhreithniú cé acu an seolfaidh

sé daoine ar aghaidh chuig na Gardaí as loiceadh Ráiteas Síntiús Airgid nó ráiteas bainc a chur ar fáil faoin spriocdháta cuí. Is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin ná nach dóigh leis gur réasúnach gur chóir an dlí a chur ar dhuine a d'oscail cuntas síntiús polaitíochta ach a loic an cháipéisíocht tacaíochta riachtanach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, ach nach ndlitear an dlí a chur ar dhuine faoi na hAchtanna Toghcháin, nár oscail cuntas síntiús polaitíochta ar an gcéad dul síos. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin, maidir leis sin, go bhfuil sé práinneach go bhforáilfear le haghaidh ciona as loiceadh cuntas síntiús polaitíochta a oscailt nuair a cheanglaítear ar dhuine amhlaidh a dhéanamh.

2. Le cothrom na féinne idir iarrthóirí a chinntiú, chomh maith le roinnt trédhearcachta, ba chóir go mbeadh úsáid chistí poiblí chun críocha toghcháin ina cuid den chód toghcháin seachas mar chuid de reachtaíocht eile, ar rí-léir go ngabhann cuspóir ar leithligh ar fad léi. Chaithfí na forálacha, lena bpléitear le soláthar seirbhísí agus áiseanna tar éis lánscor Dháil Éireann ag Coimisiún Thithe an Oireachtais [(Alt 4(4A) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 (faoi mar a cuireadh isteach le hAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2006)], a aisghairm dá bharr seo.

3. Foráiltear le hAlt 59 d'Acht Toghcháin 1992 le haghaidh "gníomhairí toghcháin" a cheapadh chun cabhrú leis an iarrthóir go ginearálta i ndáil le holltoghchán Dála agus le haghaidh leasghníomhairí a cheapadh le bheith i láthair thar ceann an iarrthóra le vótaí a chomhaireamh agus chun críocha sonracha eile a leagadh amach in Acht 1992. Bhí sé seo ina údar mearbhaill toisc gur fhógair roinnt iarrthóirí na "gníomhairí" seo mar a ngníomhaire toghcháin don olltoghchán cé gur beag feidhm nó eolas, nó feidhm nó eolas ar bith, a bhí ag na daoine seo i ndáil le speansais, a tarraingíodh thar ceann an iarrthóra ag an toghchán, a rialú. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir an téarma "gníomhaire toghcháin" a leasú chuig "oifigeach cuntasaíochta um chaiteachas toghcháin" nó "gníomhaire caiteachais toghcháin".

4. Ní mór fógra faoi athrú gníomhaire toghcháin a chur tríd an gCeann Comhairimh don dáilcheantar. Fágann sin go mbíonn leibhéal maorlathais neamhriachtanach i gceist do gach duine a bhaineann leis an scéal agus is féidir leis moill a chur

ar an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le Ráitis Speansas Toghcháin, nach bhfuil comhlánaithe ag an ngníomhaire toghcháin a fógraíodh, a thabhairt chun críche. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gurbh fhearr dá gceanglófaí ar iarrthóirí ceapachán nó athrú gníomhaire toghcháin a fhógairt don Choimisiún um Chaighdeáin go díreach.

5. D'fhéadfadh deacracht a bheith i gceist, do roinnt iarrthóirí neamhspleácha nó d'iarrthóirí na bpáirtithe polaitíochta atá níos lú, de bharr go mbíonn nithe, amhail sólaistí d'oibrithe deonacha an fheachtais agus costais pheitril na n-iarrthóirí, fágtha amach as an sainmhíniú ar speansais toghcháin. Is ionann na nithe seo agus costais iarbhír nach féidir a chúiteamh leis na hiarrthóirí seo sa chás go mbeidís cáilithe le haghaidh cúitimh agus más lú ná €8,700 iomlán a gcuid speansas toghcháin. B'fhéidir go mbeidh cead ag an gCoimisiún um Chaighdeáin déanamh de réir a chomhairle féin beagán agus nithe den sórt sin a chur san áireamh (ach admhálacha cearta a bheith ar fáil dóibh) sna speansais iomlána toghcháin a fhéadfar a chúiteamh leis na hiarrthóirí seo.

6. Bhí deacracht ag an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha alt 31(10) d'Acht 1997 sa mhéid is go dtagraíonn na forálacha seo d'fhoilsiú fógrán a chuireann iarrthóirí nó páirtithe polaitíochta chun cinn, nó a chuireann ina gcoinne, go díreach nó go hindíreach. Tagraíonn na forálacha d'alt 31(7) d'Acht 1997, a bhaineann le "daoine eile" a bheith ag cur fógrán den sórt sin i bhfoilseacháin, do dhaoine a bheith ag tarraingt speansas toghcháin orthu féin agus cuimsítear an téarma "ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh toghcháin" leis na forálacha. Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfaí an déchiallachas seo san Acht a úsáid mar chosaint nó go bhféadfaí é a fhorléiriú i gcoinne an dlí a bheith á chur ar dhuine faoi chion faoi alt 43(4) d'Acht 1997 (as loiceadh alt 31(10) d'Acht 1997 a chomhlíonadh). Measann an Coimisiún um Chaighdeáin, mar sin, go bhféadfaí roinnt comhleanúnachais a thabhairt isteach sa chuid seo d'Acht 1997 ach an téarma "ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh toghcháin" a chuimsiú mar chuid d'fhorálacha alt 31(10) d'Acht 1997.

Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2006 freisin agus i dtuarascáil chuig an gCeann Comhairle i mí Mheitheamh 2007 (maidir le

síntiúis arna nochtadh go bliantúil ag páirtithe polaitíochta) gur chóir go gceanglófaí ar pháirtithe polaitíochta cloí leis na moltaí in Ailt 11, 12 agus 13 de mholadh Chomhairle na hEorpa (féach Caibidil 3).

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire gur moladh sa Staidéar Tosaigh a rinneadh le déanaí maidir le Coimisiún Toghcháin a Bhunú in Éireann (a choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus a rinne Institiúid Geary Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) mar seo a leanas *"maidir leis na moltaí a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin ina Léirmheas ar na hAchtanna Toghcháin (Nollaig 2003), agus a thuarascáil maidir le holltoghchán na Dála agus athrá na moltaí seo sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí uaidh, soláthraíonn siad clár oibre le haghaidh athchóirithe, ar molann ár gcuid taighde agus comhairliúchán go láidir gur chóir do Choimisiún Toghcháin nua leanúint leo."*

Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin maidir le tríú páirtithe

Tá tuarascáil foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le déanaí freisin maidir lena mhaoirseacht ar fhorálacha na reachtaíochta toghcháin i leith "tríú páirtithe" ag an Reifreann ar Chonradh Liospóin in 2008. Ullmhaíodh an tuarascáil seo ar iarratas an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tugtar easnaimh sna hAchtanna Toghcháin chun suntais sa tuarascáil agus moltar 4 phríomhréimse ann go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh ina leith:

1. Critéir le clárú mar thríú páirtí – má tá gníomhaíochtaí tríú páirtithe le rialáil go héifeachtach, ba chóir go mbeadh clárúchán bunaithe ar intinn an tríú páirtí le caiteachas a tharraingt air féin i bhfeachtas toghcháin nó reifrinn ar leith seachas ar spreagadh deontóirí iarbhír nó féideartha.

2. Clárúchán le haghaidh feachtas ar leith – ba chóir go gceadófaí sa reachtaíocht go mbeadh tríú páirtí in ann clárú le haghaidh feachtas ar leith nó ar bhonn leanúnach.

3. Ba chóir go n-éileofaí trédhearcacht i maoiniúchán agus i gcaiteachas ar fheachtais – ba chóir go gceanglófaí ar thríú páirtithe agus ar pháirtithe polaitíochta mionsonraí caiteachais ar fheachtais reifrinn a nochtadh. Ar an gcaoi chéanna, ba chóir go gcuirfí faisnéis ar fáil maidir leis na foinsí maoiniúcháin atá ar fáil do thríú

páirtithe agus do pháirtithe polaitíochta araon.

4. Smachtbhannaí mura gcomhoibríonn tríú páirtí leis an gCoimisiún um Chaighdeáin - ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na smachtbhannaí a bhforáiltear lena n-aghaidh faoin reachtaíocht. Ba chóir go mbeadh sé ina chion, ach go háirithe, loiceadh comhoibriú le fiosrúcháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 4(4) den Acht.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin fógraí dá aire a rinne an Taoiseach agus an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le deanaí maidir le rialuithe níos mó ar shíntiúis agus ar chaiteachas ag toghcháin agus ag reifrinn. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin muiníneach go gcabhróidh na moltaí atá déanta aige ina thuarascálacha éagsúla agus a ndéantar achoimre orthu sa chaibidil seo le haon athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha.

Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí

Ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2007, thug an Coimisiún um Chaighdeáin deacracht chun suntais a bhain le comhairle a thabhairt do pháirtithe polaitíochta i ndáil le húsáid an Liúntais. Cé go mbíonn comhairle a thugann an Coimisún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic agus faoi na hAchtanna Toghcháin ina gceangal dlí, níl aon bhonn dlí le comhairle a thugtar i ndáil leis an Liúntas Ceannairí Páirtí. Ina thuarascáil don Aire Airgeadais maidir le caiteachas an Liúntais ag páirtithe polaitíochta cáilithe in 2007, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin moladh gur chóir go mbeadh an Coimisiún um Chaighdeáin nó an tAire Airgeadais in ann treoirlínte a fhoilsiú nó comhairle a thabhairt faoi úsáid chuí an Liúntais agus gur chóir go mbeadh teoirlínte agus comhairle den sórt sin ina gceangal dlí ar na daoine lena mbaineann siad. Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin go n-ullmhófaí aon treoirlínte den sórt sin i gcomhairle le ceannairí parlaiminte páirtithe polaitíochta cáilithe. Agus é ag cuimhneamh ar fhoráil den sórt sin, mhol an Coimisiún um Chaighdeáin go mb'fhéidir go dtabharfadh an tAire aird ar fhorálacha alt 25 d'Acht um Eitic in Oifigí Poiblí agus ar alt 4(6) d'Acht Toghcháin 1997.

05

Costais in 2008

Leagtar amach an caiteachas a cuireadh síos don Choimisiún um Chaighdeáin in 2008 sa tábla thíos. Taispeántar na figiúir i gcomhair 2007 freisin chun críocha comparáide. Déantar socrú don chaiteachas i bhFocheann B de Vóta 18 [Ombudsman]..

	2008	**2007**
	€ '000	**€ '000**
Tuarastail Foirne	691	737
Taisteal agus Costai	5	14
Speansais Theagmhasacha	132	141
Teileachumarsáidí Postais	21	25
Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	86	31
Áitreabh Oifige	61	39
Táillí Comhairleachta agus Dlí	37	107
Iomlán	**1,033**	**1,094**

06

Aguisín - Foilseacháin an Choimisiúin um Chaighdeáin in 2008

1. Treoirlínte do Theachtaí Dála, do Sheanadóirí agus d'Fheisirí Eorpacha maidir le síntiúis agus síntiúis toirmiscthe (Eanáir 2008)

2. Tuarascáil maidir le síntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo ag Olltoghchán an tSeanaid an 23 agus 24 Iúil 2007 (Feabhra 2008)

3. Nóta míniúcháin do thríú páirtithe a bhí i mbun feachtasaíochta ag an reifreann ar Chonradh Liospóin (Márta 2008)

4. Tuarascáil maidir le síntiúis arna nochtadh ag Teachtaí Dála, Seanadóirí, Feisirí Eorpacha agus ag iarchomhaltaí Thithe an Oireachtais (Aibreán 2008)

5. Tuarascáil maidir le síntiúis arna nochtadh ag Páirtithe Polaitíochta i gcomhair 2007 (Meitheamh 2008)

6. Tuarascáil Bhliantúil 2007 (Iúil 2008)

7. Nóta míniúcháin do Chuideachtaí, do Cheardchumainn, srl., maidir le ceanglais alt 26 d'Acht Toghcháin 1997 (Lúnasa 2008)

8. Treoirlínte maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a chomhlíonadh Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí (6ú hEagrán) (Samhain 2008)

9. Nóta míniúcháin do dhaoine aonair a thug síntiúis in 2008 (Samhain 2008)

10. Tuarascáil maidir le caiteachas an Liúntais Cheannairí Páirtí 2007 (Nollaig 2008)

11. Tuarascáil maidir le Maoiniúchán Státchiste arna fháil ag Páirtithe Polaitíochta i gcomhair 2007 (Nollaig 2008)